An 1 Lúnasa 2020, ag eascairt as achtú an Acharta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin 2020, leasáodh tobhach na hOibleagáide maidir le Breosla Iompair In-Athnuaithe go 0.1 cent in aghaidh an lítr. Sa bhliain 2022, leis an Acht um Chostais Leictreachais (Cuntais Leictreachais Baile) Bearta Éigeandála agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022, laghdaíodh Tobhach GCON go 0.1 cent in aghaidh an lítr mar chuid de bhearta tacaíochta sealadacha an Rialtais chun dul i ggleic le géarchéim an chostais maireachtála. Cuireadh an Tobhach ar ais go 2 cent in aghaidh an lítr ag deireadh mhí Feabhra 2023.

Is é seo a leanas mar a bhí an t-ioncam tobhaigh (€ milliúin) le blianta beaga anuas:



Maoiniú

I mí an Mhárta 2017, shroich GCON fiachas nialasach nuair a laghdaigh sé a fhiacha ó €444 milliún sa bhliain 2009. Ón mbliain 2017 i leith, tá a chúlchistí airgid á mbainistiú ag GCON trí thaiscí a choinneáil le hinstiúidí airgeadais agus le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Déanann GCON athbhreithniú rialta ar a straitéis taiscthe agus breithníonn sé rátaí úis an mhargaidh agus caomhnú caipítíl araon agus a cinntí á ndéanamh maidir le cistí a thaisceadh.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ó tugadh aisíocaíocht an fhiachais chun críche in 2017, bhí barrachas ioncaim don Gníomhaireacht gach bliain go dtí 2022 mar thoradh ar an leibhéal bliantúil ioncaim a díorthaíodh ó thobhaigh GCON agus Bithbhreolaí In-athnuaithe. Coinníodh an barrachas sin ag feitheamh le forbairt pleannanna ag an Rialtas chun an Tobhach a athúsáid mar fhoinse maoiniúcháin don Chiste nua um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAF).

Dá réir sin, achtaíodh an tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin an 1 Lúnasa 2020. Éascaítear leis an reacthaíocht nua sin aistriú cistí leithdháilte chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide de réir mar a ordóidh an tAire. De réir fhorálacha na reacthaíochta sin, d'aistrigh GCON €80.0 milliún chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023, i ndiaidh

€92.0 milliún le linn 2022, €92.0 milliún in 2021 agus €28.0 milliún in 2020.

Staid Airgeadais ag Deireadh an Bliana

Féachann GCON i gcónaí le “luach ar airgead” a bharrfheabhsú maidir lena chuid oibríochtaí, go háirithe, i ndáil lena chostais stórála leanúnacha agus lena chostais mhaoiniúcháin, agus tá beagnach 90% de chostais bhliantúla iomlána GCON i gceist leis an dá cheann.

Amhail an 31 Nollaig 2023 b'ionann airgead ar láimh GCON agus €107.1 milliún. Áirítear leis sin airgead tirim i gceuntais reatha, cuntais taisce glao agus nótaí státhiste Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) atá le teacht chun aibíochta idir an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Márta 2024. Ní áirítear sa staid airgid ar láimh nótaí státhiste GBCN lena ngabhann dátaí aibíochta i ndiaidh an 31 Márta 2024 arb ionann iad agus €205.8 milliún. Tá nótaí státhiste GBCN aicmithe mar infheistíochtaí airgeadais laistigh de na ráitis airgeadais seo. Cuirtear an méid seo a leanas san áireamh leis an staid airgid ar láimh:

- (a) ceanglais agus gealltanais leanúnacha maoinithe GCON agus;
- (b) soláthar na stoc ola a bhaineann le hathruithe pleánálte ar shocruthe conartha stórála agus soláthar stoic in 2024 agus ina dhiaidh sin.

Agus na gealltanais thusáin á gcur san áireamh, tá pleannanna idir lámha maidir le húsáid agus infhaighteacht na n-íarmhéideanna airgid sin in 2024 agus ina dhiaidh sin, bunaithe ar ghealltanais a rinneadh agus/nó atá pleánálte, agus achoimrítear iad mar a leanas:


	€ milliún
Airgead ar Láimh amhail an 31 Nollaig 2023	107.1
Oibleagáid mhéadaithe Ceannachán Stoic 2024 (nóta 20)	- 47.9
Caiteachas Caipitil Eile (nóta 20)	-1.3
Staid an Ghlanairgid Thirim	57.9
Nótaí Státhiste GBCN le haibíocht thar 3 mhí	<u>205.8</u>

Comhdhéanamh Thobhach GCON

Tá miondealú ar an sciar den ioncam Tobhaigh de réir táirge le cúig bliana anuas leagtha amach thíos, agus léirítear ann go soiléir an sciar suntasach den mhargadh atá bunaithe ar dhíosail. Léirítear leis na sonraí freisin an méadú leanúnach ar an sciar den tobhach a thagann ó mhéideanna peitril, rud a léiríonn an t-athrú leanúnach ó fheithiclí díosail go feithiclí peitril agus fás na ngluaisteán hibrídeach peitril.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhairesca

Cúltaca Ola Náisiúnta



Sceim um Oibleagáid maidir le Breosla Iompair In-athnuait (Sceim um Oibleagáid Bhithbhreosla roimhe seo)

Chuir GCON túis leis an Sceim um Oibleagáid maidir le Breosla Iompair In-Athnuait(OBII), Sceim um Oibleagáid Bhithbhreosla na hÉireann roimhe seo, a riad an ¹ Iúil 2010 go gairid i ndiaidh theacht isteach an “Achta Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéisitheacha) 2010”.

Tugadh an reacthaíocht sin isteach chun éifeacht a thabhairt d’fhórlach Threoir AE 2009/28/CE (an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuait - RED) maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuait a chur chun cinn.

I mí Iúil 2022, tháinig I.R. 350 de 2022 i bhfeidhm. Trasaíodh leis an ionstraim sin RED II isteach i nDlí na hÉireann agus tugadh éifeacht dhlíthiúil di do roinnt de na tionscnaimh bheartais seo.

I mí an Mhárta 2023, leasaíodh an Sceim um Oibleagáid Bithbhreosláí freisin agus tugtar an Sceim um Oibleagáid maidir le Breosla Iompair In-athnuait (OBII) uirthianois.

Leis an OBII, cuirtear oibleagáid ar sholáthraithe ola mianraí a chinntíú go mbeidh íoschéadán de na breoslaí mótaír (Gásailín agus Díosal Mótair) a chuireann siad ar an margadh ina mBithbhreosláí arna monarú ó fhoinsí inbhuanaithe in-athnuait, e.g. Eatánól agus Bithdhíosal.

In 2010, shocraigh an OBII an ráta SOB ag 4.17% (i.e. 4 lítear de bhithbhreosla agus 96 lítear de bhreosla iontase i ngach 100 lítear breosla a chuirtear ar an margadh). Tá méadú seasta tagtha ar ráta na hoibleagáide um chumasc san idirchréimhse suas go dtí 16.985% de réir fuinnimh le haghaidh 2023.

Le linn na bliana 2021, mar chuid d’atheagrú laistigh den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, aistríodh an fhreagracht as Foinsí In-athnuait san Iompar chuig an Roinn Iompair. I mí an Mheithimh 2023, d’éisigh an Roinn Iompair Ráiteas Beartais nuashonraithe maidir le Fuinneamh In-athnuait san Iompar. Treisíodh leis an doiciméad seo roinnt spriocanna uaillmhianacha lena n-áirítear conair tháscach maidir le tuilleadh méaduithe ar an ráta oibleagáide um chumasc bithbhreosla don tréimhse go dtí 2030, an síneadh féideartha ar raon feidhme an OBII chun cumasc bithdhíosail san earnáil iarnróid a áireamh agus cuimsíú an leictreachais in iompar de bhóithre agus d’iarnróid.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta

Cúltaca Ola Náisiúnta

Méideanna na hOibleagáide maidir le Breosla Iompair In-Athnuaithe

Sa tábla thíos, leagtar amach conas a chuirtear méid bliantúil na mBithbhreosláí mar chéatadán de líon iomlán na mBreosláí Mótair a chuirtear ar an margadh i gcomparáid le híoschéatadán na hOibleagáide.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcuirtear san áireamh sna céatadáin:

- i. Leis na téarmaí maidir le comhlíonadh OBII cuittear ar chumas na bPáirtithe faoi Oibleagáid Deimhnithe OBII breise a thuilltear i mbliain amháin a iompar go dtí an chéad bliain eile, chun comhlíonadh na bliana sin a bhaint amach, agus;
- ii. Cáilíonn bithbhreosláí a chuirtear ar an margadh agus atá déanta as dramhaíl nó iarmhair le haghaidh “deimhnithe dúbailte” i.e., tuillfidh 1 lítear de Bhithbhreosláí atá déanta as dramhaíl 2 Dheimhniú OBII agus mar sin, nuair a chuirtear líon suntasach Bithbhreosláí “dramhaíola nó iarmhair” ar an margadh, is dócha go mbeidh an méid iomlán a chuirtear ar an margadh níos lú ná céatadán iomlán mhéid na hOibleagáide, ach comhlíontar an Oibleagáid fós.
- iii. I mí Aibreáin 2023, chuir an Roinn Iompair reachtaíocht chun feidhme lenar tugadh deimhnithe breise i gcomhair bithbhreosláí a tháirtgear ó bhunábhair áirithe lena n-áirítear Ola Glasraí arna Cóireáil le Hidrigin, bithmheatán etc.
- iv. I gcás nach bhfuil go leor deimhnithe ag páirtí faoi oibleagáid chun a n-oibleagáid a chomhlíonadh, féadfaidh an pártí faoi oibleagáid sin rogha a dhéanamh tálle a íoc.

Rátaí agus Méideanna OBII 2016-2023

Bliain	Méid an Bhithbhreoslá (mL)	Fuinneamh Bithbhreosla (PJ)	SOB Deimhnithe (Milliún)	SOB Deimhnithe (Billiún)	Ráta cumaisc Bithbhreosla (Fhisiciúil)	Ráta cumaisc le deimhnithe dúbailte san áireamh	Ráta oibleag -áide
2016	174		285		3.7%	6.3%	6.4%
2017	226		393		4.8%	8.9%	8.7%
2018	216		383		4.6%	8.5%	8.7%
2019	260		476		5.5%	10.7%	11.1%
2020	239		457		6.1%	12.3%	12.4%
2021	247		459		5.9%	11.6%	12.4%
2022	309		552		6.8%	13.1%	14.9%
2023	404	12.6		26.1	8.5%	17.5%	17.0%

Nóta: Aistríodh an oibleagáid OBII go samhail bunaithe ar fhuinneamh in 2023, dá bhrí sin tagraíonn na sonraí anois do chion fuinnimh na mbithbhreosláí a chuirtear ar an margadh in nGiúil Peta (PJ). Bronntar teastais in aghaidh an MJ d’fhuinneamh a chuirtear ar an margadh – rud is cúis leis an méadú suntasach ar líon iomlán na dteastas a bronnnadh.

Is féidir le páirtithe faoi oibleagáid suas le 15% dá n-oibleagáid bhliantúil a chomhlíonadh trí dheimhnithe ó bhlianta roimhe sin a thabhairt ar aghaidh. Agus rointt deimhnithe tugtha ar aghaidh san áireamh, baineadh an sprioc um chomhlíonadh don bhliain 2023 amach.

Mar thoradh ar an oibleagáid mhéadaithe um chumasc do 2023, tháinig méadú suntasach ar úsáid HVO (ola glasraí arna cóireáil le hidrigin) sa sruth díosail agus bhí na méideanna in 2023 gar do 30% de na méideanna iomlána bithdhíosail a cuireadh ar an margadh.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Gné thábhachtach a bhaineann le riarrachán GCON is ea a chinntíú go gcloífear le leibhéal leordhóthanacha um chomhlíonadh OBII, toisc go bhfuil an méid úsáide a bhaintear as Breoslaí Mótair in-athnuaithe sa mhargadh ina phríomhthomhas de leibhéal um chomhlíonadh na hÉireann maidir le Treoir AE maidir le Fuiinneamh In-athnuaithe.

Chuige sin, leanann an Ghníomhaireacht le tuairisc mhionsonraithe a sholáthar don Roinn ábhartha ar fheidhmíocht OBII do gach bliain ina bhfeidhmítear an Scéim. Tá leagan achomair de na tuarascálacha seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, <https://www.nora.ie/biofuels-obligation-scheme/bos-annual-reports.225.html>

Déanann an Ghníomhaireacht iniúchadh mionsonraithe ar na rannpháirtithe sa Scéim gach bliain agus cuireann sí tuarascáil ionlán ar fáil don Roinn.

Muirear ceannaithe thar barr amach OBII

Le linn 2023, níor íocadh aon muirir imcheannaigh OBII le GCON. In 2022, d'íoc dhá pháirtí faoi oibleagáid an muirear imcheannaigh, agus bhí na suimeanna a bhí á n-íoc leis an státhiste i gcomhréir leis an reachtaíocht.

GCON – Údarás Ainmnithe don Treoir maidir le Cáilíocht Breosla (TCB)

Trasuíodh TCB isteach i Reachtaíocht na hÉireann an 17 Aibreán 2017. Tá forluí suntasach idir riachtanais tuairiscithe RED agus TCB. I bhfianaise an fhórluí shuntasainche sin, aithníodh go mbeadh sé níos simplí ó thaobh riarrachán de ceanglais tuairiscithe an dá Threoir a chomhcheangal le OBII.

Chomh maith lena ról mar riarthóir OBII, le héifeacht ón 19 Aibreán 2017, faoi I.R. Uimh. 160 lena dtrasuítéar an Treoir maidir le Cáilíocht Breosla (TCB) 2017/CE arna leasú le Treoir 2009/30/CE, ceapadh GCON mar an t-údarás ainmnithe chun an Treoir maidir le Cáilíocht Breosla (TCB) a riar agus chun faireachán a dhéanamh uirthi.

Leagtar síos in TCB sonraíochtaí teicniúla maidir le forais sláinte agus chomhshaoil do bhreoslaí a úsáidtear le haghaidh mótarfheithicí. Le hAirteagal 7(a) de TCB tugadh isteach oibleagáid ar sholáthraithe breosla astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú suas le 10 % in aghaidh an aonaid fuinnimh. Ba é an sprioc laghdú 6% ar a laghad a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2020 agus do gach bliain ina dhiaidh sin i gcomparáid le 2010. I.R. 670 de 2020, athdhearbhaigh gur síníodh oibleagáidí I.R. 160 i ndiaidh 2020.

Mar an t-údarás ainmnithe chun Airteagal 7(a) de reachtaíocht TCB a riar, leathnaigh GCON na córais OBII chun na socrúithe riachtanacha a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta ag na páirtithe faoi oibleagáid. Éilitear ar sholáthraithe breosla laghdú 6% a bhaint amach ar dhéine gás ceaptha teasa (GCT) na mbreosláí a úsáidtear i bhfeithicí bóthair, in innealra soghluaise neamhbhóthair, i dtarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta agus in árthaí áineasa.

Is féidir le soláthraithe breosla cuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach trí leictreachas (le déine carbóin níos ísle) a chur ar an margadh agus trí úsáid a bhaint as Laghduithe Astaíochtaí Réamhtheachtacha (LARanna). Is dúshlán suntasach é do sholáthraithe breosla an sprioc laghdaithe déine carbóin 6% a bhaint amach agus ní ionann comhlíonadh OBII ann féin agus comhlíonadh TCB. Chun laghdú déine carbóin 6% a bhaint amach, bheadh gá le cumasc bithbhreosla fisiceach de thart ar 10% i ngásailín agus i díosal araon.

Cé gur féidir le coigileas carbóin a ghintear ó leictreachas a íditear i bhfeithicí leictreacha agus ó Laghduithe Astaíochtaí Réamhtheachtacha cuidiú le spriocanna TCB a bhaint amach freisin, níor chuidigh ceachtar den dá dhóigh sin móran leis in 2023. Is é atá taobh thiar de sin den chuid is mó go bhfuil an pionós féideartha as neamhchomhlíonadh I.R. 160 agus I.R. 670 i bhfad faoi bhun na gcostas a bhaineann le Laghduithe Astaíochtaí Réamhtheachtacha a cheannach nó bithbhreosla breise a chur ar an margadh.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Le linn 2023, lean GCON agus Foireann OBII ag tacú leis an Roinn Iompair le straitéis a fhorbairt chun riachtanais roinnt spreagthaí atá comhlántach ach atá fós difriúil a bhainistiú chun dul i bhfód fuinnimh in-athnuaithe a mhéadú agus astaíochtaí GCT san earnáil iompair a laghdú, mar atá Airteagal 7(a) de TCB (sprioc laghdaithe déine carbóin 6%), RED, RED II agus beartas náisiúnta na hÉireann maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú. Táthar ag súil go leanfar leis an obair sin le linn na bliana 2024.

Oibleagáid Bainistíochta Fuinnimh in 2023

In 2023, chomhlíon GCON a oibleagáidí Comhlachta Phoiblí um Bainistíocht Fuinnimh atá leagtha amach in I.R. Uimh. 426/2014 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014. Chuir GCON a cuspóirí Bainistíochta Fuinnimh chun cinn trí leanúint le páirt a ghlacadh i gcóras earnála poiblí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) um Monatóireacht agus Tuairisciú Fuinnimh. Tá tuarascáil níos mionsonraithe ar Bhainistíocht Fuinnimh GCON ar fáil ar shuíomh gréasáin GCON, www.nora.ie.

I mí Mheán Fómhair, chuir GCON a Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide faoi bhráid an SEAI (mar a cheanglaítear faoi Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais 2023 (CAP23), ina leagtar amach na príomhthionscadail agus na príomhghníomhaíochtaí lena gcinnteofar go gcomhlónfaidh an Ghníomhaireacht a hoibleagáid a spriocanna maidir le hastaíochtaí carbóin éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach sna blianta atá amach romhainn.

Paindéim Covid-19

Ar an 12 Mártá 2020, mar thoradh ar phaindéim dhomhanda Covid-19, d'eisigh Rialtas na hÉireann treoir inar iarradh ar gach cuideachta neamhriachtanach dúnadh nó oibriú go cianda. D'agairt GCON a Phlean Leanúnachais Gnó trínar thosaigh na baill foirne uile ag obair go cianda agus as sin amach lean siad le gnó na heagraíochta ó lá go lá a bhainistiú ar an mbonn sin. I gcomhréir le treoirlínte an Rialtais, cuireadh túis le filleadh ar an oifig de réir a chéile sa bhliain 2022. Leanann an Ghníomhaireacht le modh oibre cumaisc do na baill foirne uile.

Cogadh san Úcráin

Bhí tionchar suntasach ag ionradh na Rúise faoin Úcráin ar an 24 Feabhra 2022 ar mhargaí fuinnimh domhanda, rud a bhfuil leibhéal ard luineachta i bpraghhsanna tráctearraí mar thoradh air.

Mar iarracht dearbhú éigin a sholáthar do na margáí ola, d'iarr GIF go ndéanfaí dhá thaisce ola straitéiseacha a scaoileadh - an chéad cheann acu ar an 1 Mártá 2022 agus an dara ceann, scaoileadh níos mó, ar an 1 Aibreán 2022. Roghnaigh Éire go dtacódh sí leis na hiarratais sin le scaoileadh 30kT de Dhíosal óna stoic sa Danmhairg agus 57kT de Jet A1 óna stoic sa Ríocht Aontaithe. De réir na comhairle ó GIF agus ó Choimisiún AE, roghnaigh GIF gan an méid sin a athsholáthar sa bhliain 2022 ach chríochnaigh sí a hatógáil stoic i mí Eanáir 2023.

I mí an Mheithimh 2022, ghlac Coimisiún AE a 6^ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise. Déantar foráil leis an bpacáiste sin maidir le toirmeasc ar allmhairí amholaí mara agus tárgí peitriliam críochnaithe mar aon le smachtbhannaí eile amhail toirmeasc ar árachas agus ar sheirbhísí airgeadais a sholáthar chun tárgí ola a iompar. Cé gur tháinig an toirmeasc ar allmhairí amhola i bhfeidhm ar an 5 Nollaig, níor tháinig an smachtbhanna ar thárgí ola críochnaithe i bhfeidhm go dtí an 5 Feabhra 2023. D'fhorchuir roinnt cuideachtaí ola a gcóras smachtbhannaí féin roimh an bpacáiste smachtbhannaí sin agus mar thoradh air sin cuireadh srian éigin ar an slabhra soláthair ola le linn na bliana 2022. I mí an Mheithimh 2023, ghlac Coimisiún AE a 12^ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhairesachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)

Cogadh Iosrael-Gaza

Mar gheall ar ruathar Hamas ar Iosrael an ⁷ Deireadh Fómhair 2023 agus freagairt Iosrael ina dhiaidh sin, tá ardteannas sa Mheánoirtheor agus chuir sé leis an éiginnteacht maidir le soláthar ola agus gáis.

Ionsaithe sa Mhuir Rua

Chuir na hionsaithe a rinne míleataigh Houthi le déanaí ar longa a bhí ag taisteal trí Mhurascaill Áidin agus tríd an Muir Rua leis na dúshláin atá le sárú ag lastóirí a aistríonn ola ón gCianoirtheor isteach san Eoraip.

Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird agus leis an bhfoireann as a dtiomantas agus as a gcúnamh i rith na bliana. Ba mhaith liom freisin mo bhúiochas a ghabháil leis an Aire as a spreagadh agus a spéis in obair na Gníomhairesachta. Gabhaim buíochas freisin le foireann an Aonaid um Shlándáil Soláthair Ola agus Comhordaithe Éigeandála sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Aonaid um Oiriúnú Aeráide, Taighde agus Fuinnimh na Roinne Iompair as a dtacaíocht agus as a gcúnamh leanúnach i gcaitheamh na bliana.



Frank Gleeson
Cathaoirleach

Dáta: 28 Bealtaine 2024

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí isteach a dtuarascáil agus na Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Príomhghníomhaíochtaí agus athbhreithniú ar an ngón

Ar an 1 Lúnasa 2007, bunaíodh GCON mar Ghníomhaireacht ar bhonn reachtúil faoi choimirce an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht de réir reachtanna agus rialacháin iomadúla.

Cuimsítar le hoibríochtaí na Gníomhaireachta stoic straitéiseacha na hÉireann a cheanglaítear faoi reacthaíocht an Aontais a bhainistiú agus Oibleagáid maidir le Breosla Iompair In-Athnuaithe na hÉireann a ri. Comhlíonann an chuideachta a cuid oibleagáidí maidir le stoic ola trí stoic a bheith faoina húníreacht agus trí chomhaontuithe a dhéanamh le tríú páirtithe in Éirinn agus thar lear chun stoic atá faoi úiníreacht na Gníomhaireachta a stóráil agus stoic straitéiseacha eile a chur ar fáil i gcúinsí sonracha áirithe.

Go dtí seo bhí an chuid is mó de stoic na Gníomhaireachta á gcoinneáil agus á mbainistiú ag tríú páirtithe i saoráidí stórála atá faoi úiníreacht agus á n-oibriú go neamhspleách sa bhaile agus thar lear. Mar chuid de phleananna forbartha stórála meántéarmacha go fadtéarmacha na Gníomhaireachta, áfach, tá léasanna fadtéarmacha faigte ag GCON i ndáil le trí shaoráid stórála (ag an Rinn, Baile Átha Cliath; Tairbeart, Co. Chiarraí; agus an Poll Beag, Baile Átha Cliath). Le coimisiúnú shaoráidí na Rinne sa bhliain 2011 agus Thairbirt sa bhliain 2012, chuir an Ghníomhaireacht túis leis an bhfreagracht as oibriú agus cothabháil na saoráidí sin de réir na rialachán uile atá i réim, agus béisim ar leith ar shláinte, ar shábháilteach agus ar chomhlíonadh rialála.

Ba é athchóiriú na saoráide sa Pholl Beag i mBaile Átha Cliath an chéad chéim eile i gclár forbartha stórála na Gníomhaireachta in Éirinn. In 2020, chuir GCON an t-athchóiriú ar an stóráil ola barraíochta a bhí ann ag láithreán BSL ag an bPoll Beag, Baile Átha Cliath, a sholáthraíonn thart ar 120,000 tona de stóráil bhreise driogáití. Le cur i gcrích an tionscadail sin, rinneadh méadú luachmhar ar na taiscí ola atá stórálte i bPort Bhaile Átha Cliath trína n-allmhairítear thart ar 70% de tháirgí ola iomlána na hÉireann.

Tarmligeadh an cúram don Ghníomhaireacht an Oibleagáid maidir le Breosla Iompair In-Athnuaithe (an Scéim um Oibleagáid Bithbhreoslá roimhe seo) a ri. a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2010 i ndiaidh thosach feidhme an Achta Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilgnéitheacha) 2010. D'éirigh leis an nGníomhaireacht tréimhsí na hOibleagáide a bhainistiú go dtí seo de réir cheanglais na scéime agus curfidh sí an riarrachán sin in oriúint chun freastal ar riachtanais scéime amach anseo de réir mar a fhobrófar iad.

Is féidir leis an gcuideachta costais oibríochtaí na Gníomhaireachta a fháil ar ais trí thobhaigh na stoc ola.

Níl na stiúrthóirí ag súil le haon athruithe suntasacha ar phríomhghníomhaíochtaí na cuideachta go ceann i bhfad.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

I ndiaidh fiacha le híoc a aisíoc in 2017, tá sé beartaithe, ag brath ar inacmhainneacht, ceannacháin stoic a mhaoiniú trí úsáid a bhaint as airgead tirim agus sócmhainní airgeadais. Nuair is gá, déanfar an stoc a mhaoiniú trí shaoráidí creidmheasa imrothlaigh meántéarmacha, chun go mbeidh próifil aibíochta chothromaithe ann.

Eascaíonn nochtadh ráta malaire ar cheannacháin agus díolacháin stoc straitéiseacha agus ar chostais oibriúcháin áirithe. Úsáidtear spotchonartháí agus réamhchonartháí agus roghanna airgeadra eachtraigh chun luaineacht a thagann as luaineachtaí airgeadra a laghdú.

Féachann an Ghníomhaireacht le hiarmhéideanna airgid a choinnítear sna cuntais reatha a íoslaghcdú. Cuirtear barrachais airgid thirim i dtuaisce le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin (CBCN) Náisiúnta ag a bhfuil seasamh creidmheasa cuí, ar bhealach lena soláthraítear an toradh is iomaíche agus lena gcinntítear caomhnú caipitil ag an am céanna.

Úsáidtear ionstraimí airgeadais eile chun na bunriachtanais fhisiceacha a mheatseáil agus tá siad neamh-amhantrach de réir a gcineáil. Déantar idirbhearta airgeadais i gcomhréir le Sonraíocht an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992.

Torthaí le haghaidh na bliana

Léirítéar na tortaí ar leathanach 27 de na Ráitis Airgeadais. Mar a luaitear sa ráiteas ioncaim agus caiteachais, taifeadadh barrachas €1.1 milliún (2022: easnamh €94.0 milliún) don bhliain. Meastar nach bhfuil iarmhéid iomlán an tuillimh coinnithe ar fáil lena dháileadh.

D'éirigh leis an gcuideachta gach fiach gan íoc a aisíoc ar an 15 Márta 2017. Ní raibh aon fhiach gan íoc ag an dáta tuairiscithe.

Cuimsítear sa bharrachas €1.1 milliún gnóthachan ar dhíolachán stoc straitéiseach dar luach €15.9 milliún (2022:

€129.7 milliún). Is féidir le gnóthachain nó cailleanais teacht as díol nó as athnuachan stoc i ngnáthchúrsa an ghnó. Áirítéar leis an mbarrachas freisin cailleanais stoic inghlactha a díscriobhadh don bhliain 2023: cailleanas €0.2 mhilliún (2022: cailleanas €0.1 milliún).

Rialachas Corparáideach

Ghlac na stiúrthóirí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Cuimsítear sa Rialachas Corparáideach laistigh den Ghníomhaireacht na córais agus na nósanna imeachta trína ndéantar an Ghníomhaireacht a stiúradh, a rialú agus a bhainistiú. Agus an Bord agus an lucht Bainistíoch freagrach as bainistiú ceart na Gníomhaireachta, tá siad á dtreorú go mór leis an gCód Cleachtais agus tuigeann siad go bhfuil siad freagrach le chéile acu as gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a threorú agus a stiúradh. Agus na freagrachtaí sin á gcomhlíonadh aici, tá an Ghníomhaireacht tiomanta dá áirithíú go gcomhlíonfaidh gach gníomhaíocht, bíðís clúdaithe go sonrach faoin gCód Cleachtais nó ar shlá eile, na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus is féidir.

Ábhair a chinnfidh an Bord

Tá sceideal foirmiúil ábhar leagtha amach ag na stiúrthóirí a fhhorchoimeádtar go sonrach lena gcinneadh ag an mBord atá ag teacht leis an sceideal arna leagan amach sa Chód Cleachtais. Leagtar amach sa sceideal freisin na hábhair a mbeidh faomhadh an Aire ag teastáil ina leith. Ceapadh an lucht Bainistíochta do gach ábhar eile. Déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar an sceideal.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Tá na hábhair seo a leanas forchoimeádta go sonrach lena gcinneadh ag an mBord:

- Ceannacháin shuntasacha, diúscairtí agus scor sócmhainní (dar luach os cionn €2 mhilliún);
- Mór-infheistíochta agus tionscadail chaipítel, leibhéal údaráis tarmligthe, beartais státhiste agus bainistíochta riosca;
- Faomhadh théarmaí mórchonarthaí (faoi réir nósanna imeachta tairisceana agus soláthair);
- Beartas maidir le luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí a chinneadh;
- Faomhadh buiséad bliantúil agus pleananna corporáideacha;
- Faomhadh tuarascálacha bliantúla agus ráiteas airgeadais;
- Ceapachán, luach saothair, measúnú ar fheidhmíocht agus pleanáil comharbais don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF);
- Leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na fairne;
- Comhlíonadh ceanglas reachtúil agus riarracháin maidir le ceapadh, líon, grádú agus coinníollacha ceapacháin gach baill fairne, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas a fhaomhadh;
- Rúnaí an Bhoird a cheapadh nó a chur as oifig;
- Teacht le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad gan na comhaltaí Boird feidhmiúcháin nó an lucht bainistíochta a bheith i láthair chun ábhair ábhartha a phlé.

Rioscaí gnó agus bainistíochta

Is é beartas na cuideachta próiseas bainistíochta riosca a fhorbairt agus a chur chun feidhme:

- lena socraítear an inghlacthacht riosca;
- lena n-éascaítear sainaithint agus measúnú rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar bhaint amach shainchúram agus chuspóirí gnó na Gníomhaireachta, agus;
- lena gcinntítear go nglacfar bearta agus rialuithe maolaithe cuí agus go gcuirfear chun feidhme iad.

Próiseas bainistíochta riosca

Tá próiseas bainistíochta riosca forbartha ag an nGníomhaireacht chun ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) a chomhlíonadh. Tá an próiseas faofa ag an mBord agus tacáitear leis mar a leanas:

- tá bainistíochta riosca san áireamh i dtéarmaí tagartha an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca;
- tugadh freagracht ar leith don POF as an bpróiseas bainistíochta riosca a bhainistiú agus sannadh ról an Phríomhoifigigh Riosca dó;
- athbhreithniú bliantúil agus faomhadh beartas chun riosca a bhainistiú;
- forbairt Chlár Rioscaí na Gníomhaireachta agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh air, chun na rioscaí arna sainaithint a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú, agus;
- a chinntíú go bhfuil nósanna imeachta tuairiscithe cuí i bhfeidhm.

Rioscaí gnó

Is iad seo a leanas na príomhrioscaí gnó a eascraíonn as gníomhaíochtaí na cuideachta:

- sláinte, sábháilteacht & comhshaol;
- bainistiú agus oibriú saoráidí stórála ola;
- praghas ola;
- ráta úis;
- malairt eachtrach;
- creidmheas, agus;
- riosca contrapháirtí.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Tuairiscáil na Stiúrthoirí ar lean

Leasanna stiúrthóirí agus rúnaí na cuideachta

Ní raibh leas tairbhiúil ar bith ag na stiúrthóirí ná ag rúnaí na cuideachta, a bhí i seilbh oifige ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, i scairchaipiteal aon ghrúpa cuideachta le linn nó ag deireadh na bliana airgeadais.

Luach saothair na Stiúrthóirí

Tá treoirlínte an Rialtais maidir le táillí na Stiúrthóirí a íoc á gcomhlíonadh. Ba

iad seo a leanas táillí na Stiúrthóirí a íocadh in 2023 agus 2022:

		2023	2022
Cath'leach:	Frank Gleeson (arna cheapadh an 29 Samhain 2023)	€ 1,088	€ 0
	Terry Nolan (d'éirigh sé as an 13 Deireadh Fómhair 2023)	€ 9,431	€11,970
Stiúrthóirí:	Frank O'Flynn	€7,695	€7,695
	Keara Robins (d'éirigh sí as an 30 Lúnasa 2023)	€5,102	€7,695
	Mairéad McCabe	-	-
	Rossa McCann	€7,695	€7,695
	Yvonne Coughlan (arna ceapadh an 29 Samhain 2023)	€ 700	€ 0
	Frank Bergin	-	-
		€31,711	€35,055

Ba ionann speansais na Stiúrthóirí in 2023 agus €460 (2022 - €963).

Tá luach saothair na gcomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin i gcomhréir lena ndualgais don Ghníomhaireacht de réir threoirínta an Rialtais. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht an prionsabal ‘Duine Amháin Tuarastal Amháin’ i gcás nach bhfuil fostaithe san earnáil phoiblí i dteideal táillí breise a fháil ó stiúrthóireachtaí san earnáil phoiblí. Faoin bprionsabal ‘Duine Amháin Tuarastal Amháin’, ní raibh aon táillí iníochta le Mairéad McCabe nó Frank Bergin le linn na tréimhse.

Airítear le táillí agus speansais stiúrthóirí méideanna a íocatar go díreach le stiúrthóirí agus méideanna a íocatar thar a gceann.

Freastal na Stiúrthóirí ag cruinnithe an Bhoird

De réir cheanglais alt 4.9 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), is é seo a leanas achoimre ar fhreastal gach comhalta Boird ar chruinnithe an Bhoird don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Líon na gcruiinnithe:

10

Freastal:

Cathaoirleach:	Frank Gleeson (arna cheapadh an 29 Samhain 2023)	1
	Terry Nolan (d'éirigh sé as an 13 Deireadh Fómhair 2023)	9
Stiúrthóir:	Frank O'Flynn	10
Stiúrthóir:	Keara Robins (d'éirigh sí as an 30 Lúnasa 2023)	8
Stiúrthóir:	Mairéad McCabe	9
Stiúrthóir:	Rossa McCann	10
Stiúrthóir:	Yvonne Coughlan (arna ceapadh an 29 Samhain 2023)	1
Stiúrthóir:	Frank Bergin	10

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Tuairiscáil na Stiúrthoirí ar lean

De réir alt 1.7 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), tháinig an Bord le chéile dhá uair ar a laghad i rith na bliana gan comhaltaí feidhmiúcháin an Bhoird ná an lucht bainistíochta a bheith i láthair.

Cruinnithe gan comhaltaí Boird feidhmiúcháin nó gan an lucht bainistíochta: 2

Is é seo a leanas líon na gcruiinnithe de chuid an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus an achoimre ar fhreastal gach comhalta den Choiste sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023:

Lón na gcruiinnithe: 5

Freastal:

Cathaoirleach:	Frank O'Flynn	5
Stiúrthóir:	Keara Robins (d'éirigh sí as an 30 Lúnasa 2023)	4
Stiúrthóir:	Rossa McCann	5

Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide freagrach as ceapacháin i mBord na Gníomhaireachta. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí dhá bhean (33%) agus ceithre fhear (67%) ar an mBord. Mar sin, ní chomhlíonnann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit. Tugann an Cathaoirleach aird chuí ar na tairbhí a bhaineann leis an éagsúlacht. Tugtar comhdhéanamh inscne an Bhoird chun suntais agus aighneachtaí á ndéanamh chuig an Aire maidir le ceapacháin agus athcheapacháin an Bhoird.

Sláinte agus Sábháilteachta

Cosnaítear sláinte agus folláine fhostaithe na Gníomhaireachta trí chloí go docht leis na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, forchuirtear ceanglais áirithe ar fhostóirí agus glacann an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta na bearta is gá chun comhlíonadh an Acharta a chinntiú.

Nochtaí cosanta

De réir fhórálacha alt 1.14 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), d'fhaomh an Bord beartas na Gníomhaireachta maidir lena chinntiú go mbeidh deis ag oibrithe ábhar imní faoi neamhrialtachtaí féideartha i dtuairisciú airgeadais nó in ábhair eile a ardú.

Rinne an Bord athbhreithniú ar bheartas na Gníomhaireachta freisin lena chinntiú go gcomhlíonann sé forálacha an Acharta um Nochtadh Cosanta 2014 agus an Acharta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022.

I gcomhréir le forálacha Acht 2014, sonraítear i dTuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta Gníomhaireachta don bhliain 2023: b'ionann líon na nochtaí faoi chosaint a rinneadh i linn na bliana agus NÁID (2022: NÁID) agus dá réir sin, níor ghá don Ghníomhaireacht aon bheart a dhéanamh ina leith sin.

Íocaíochtaí prasa

Comhlíonann GCON forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012 agus an ceann a tháinig ina dhiaidh, an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Tuariscáil na Stiúrthóirí ar lean

I gcomhlíonadh Chinneadh Uimh. S29296 ón Rialtas an 8 Márta 2011 maidir le hÍocaíochtaí Prasa, feidhmíonn GCON beartas íocaíochta maidir le gach sonrasc bailí soláthraí gan cheistiú laistigh de 15 lá ó fhaightear sonrasc. Más ábhartha, leanfaidh GCON ag ioc soláthraithe de réir socruthe conartha, agus d'fhéadfadh go dtitfidh cuid acu lasmuigh de raon feidhme an cheanglais maidir le hÍoc Pras 15 lá thugasluaithe.

Taifid chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta a choinneáil, trí phearsanra cuntasáíochta a bhfuil an saineolas cuí acu a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta ar an Dara hUrlár, Foirgneamh Uimhir 3, Uimhir a hAon, Droichead na Dothra, 126 Bóthar Pheambróg, Baile Átha Cliath 4, D04 EP27.

Ráiteas ar fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha

Creideann na Stiúrthóirí gur chloigh siad le hAlt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014 trínar ghlac siad bearta le heolas a chur orthu féin faoin bhfaisnéis iniúchóireachta ábhartha uile agus deimhníonn siad go bhfuil an t-iniúchóir ar an eolas faoi fhaisnéis dá leithéid.

Coiste Iniúchóireachta

Tá a gceanglas maidir le coiste iniúchóireachta a bhunú lena gcomhlíontar ceanglais Alt 167 d'Acht na gCuideachtaí 2014 comhlíonta ag na Stiúrthóirí.

Imeachtaí na hiarthréimhse tuairiscithe.

Agus é seo á scríobh, tá éiginnteacht fós i gceist maidir le soláthar ola agus gáis amach anseo mar gheall ar theagmhais in Gaza agus sa Mhuir Rua, mar aon leis an gcogadh leanúnach san Úcráin. Leanann GCON le monatóireacht a dhéanamh ar an staid soláthair sin agus tá a leibhéal ullmhachta méadaithe dá n-iarrfaí air tacú leis an tionscal sa leanúnachas soláthair.

Cearta an Duine agus Comhionannas

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta do chearta an duine agus do chomhionannas a chosaint agus a chur chun cinn i gcomhréir leis an Acht fá Choi misiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 agus go sonrach, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas).

De réir Alt 42 den Acht sin, tá oibleagáid ar GCON, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le:

- deireadh a chur le hidirdhealú,
- comhionannas deiseanna agus caitheamh cothrom lena fhoireann agus leis na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus
- cearta daonna a chomhaltaí, a bhall foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Is Gníomhaireacht bheag í GCON (7 mball foirne faoi láthair) agus ní sholáthraíonn sí aon seirbhísí don phobal. Cé nach bhfuil measúnú foirmiúil déanta ar an Dualgas go fóill, tá réimse leathan beart i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar chomhionannas:

- Tá dul chun cinn ar chur chun feidhme an Dualgais san áireamh sa Phlean Straitéiseach
- Tá beartais i bhfeidhm maidir le Cearta Fostaithe, Dírit ag an Obair, Comhionannas, Féiniúlacht agus Léiriú Inscne
- Feidhmíonn GCON beartas comhdheiseanna ina chuid gníomhaíochtaí earcaíochta go léir.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

- Cuireadh oiliúint ar na fostaithe go léir sa bhliain 2023. Cuirfear tuilleadh oiliúna ar fáil nuair a bheidh sí ar fáil nó de réir mar is gá. D'iarr an Ghníomhaireacht go dtabharfaí rochtain di ar thairseach oiliúna OneLeaming an Rialtais.
- Rinneadh suirbhé fostaithe ar Dhualgas na hEarnála Poiblí mar chuid d'athbhreithniú Iniúchóireachta Inmheánaí in 2021, rinneadh suirbhé leantach in 2022 agus tionóladh cruinntithe leantacha aghaidh ar aghaidh idir an fhoireann agus an POF in 2023 agus in Eanáir 2024.
- Mír bhuan is ea an t-ábhar sin ar chlár oibre chruinnithe fairne GCON agus tugtar deis do na fostaithe go léir aon ábhair imní a phlé. Cuidíonn comhairliúchán leanúnach le fostaithe le bonn eolais a chur faoi fhócas na bpleananna straitéiseacha don todhchaí maidir le tiomantas na Gníomhaireachta do chearta an duine agus do chomhionannas a chosaint agus a chur chun cinn.
- Clúdaítear i gCód Iompraíochta GCON an réimse iompraíochta a bhfuiltear ag súil leis ó fhostaithe de réir luachanna na Gníomhaireachta.

Déanfar measúnú foirmiúil bunaithe ar fhianaise ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine agus maidir le comhionannas a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir na Gníomhaireachta in 2024.

Ráiteas um Chomhlíonadh na Stiúrthóirí

Faoi Alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, admhaíonn na stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh oibleagáidí ábhartha na cuideachta a chinntí. Cuimsítear Acht na gCuideachtaí 2014 agus dlí cánach na hÉireann sna hoibleagáidí ábhartha.

Deimhníonn na stiúrthóirí an méid seo a leanas freisin;

- go ndearnadh ráiteas beartais um chomhlíonadh a tharraingt suas ina leagtar amach beartais na cuideachta maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí ábhartha ag an gcuideachta;
- go bhfuil na socruithe nó na struchtúir chuí i bhfeidhm atá, i dtuairim na stiúrthóirí, deartha chun comhlíonadh ábhartha oibleagáidí na cuideachta a chinntí; agus
- go ndearnadh athbhreithniú ar shocruithe nó struchtúir den sórt sin a tharlaíonn i rith na bliana airgeadais ábhartha.

Ráiteas um Chomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Ghlac na stiúrthóirí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus cé is moite den mhéid atá leagtha amach faoin gceannteideal "Cúrsai rialaithe inmheánaigh", chomhlíon GCON an Cód le linn an dá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta na tuarascála seo.

Tá nochtaí, mar a cheanglaítear leis an gCód, san áireamh i Nótáí 4 agus 8 leis na ráitis airgeadais.

Iniúchóirí

De réir Alt 29(2) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007, is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir na Gníomhaireachta.

Thar ceann an Bhoird



Frank Gleeson
Stiúrthóir



Rossa McCann
Stiúrthóir

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus as na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme, lena n-áirítear FRS (Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais) 102 agus Acht na gCuideachtaí 2014.

Ceanglaítear ar na stiúrthóirí leis an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 agus le dlí cuideachtaí na hÉireann Ráitis Airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin roghnaigh na stiúrthóirí Ráitis Airgeadais na cuideachta a ullmhú de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, ina gcuimsítear an dlí is infheidhme agus na caighdeáin chuntasáiochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.


Faoi dhlí na gcuideachtaí ní féidir leis na stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar shócmhainní, ar dhileanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don bhliain airgeadais agus thairis sin go gcloíonn siad le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasáiochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó; agus
- a shonrú ar ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasáiochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a shonrú;

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntíú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofar, taifid chuntasáiochta leordhóthanach ina míntear agus ina dtaifeadtar idirbhearta na cuideachta i gceart, a éascú go ndéanfar sócmhainní, dlileanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh na cuideachta a chinneadh tráth ar bith le cruinneas réasúnta, a chur ar a gcumas a chinntíú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 agus go bhféadfar na Ráitis Airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as cibé bearta a dhéanamh atá ar fáil go réasúnta dóibh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird



Frank Gleeson
Stiúrthóir



Rossa McCann
Stiúrthóir

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Freagrácht as an gcorás rialaithe inmheánaigh

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta, admhaím freagrácht an Bhoird as a chinntí go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a fheidhmiú. Cuirtear san áireamh sa fhreagrácht sin ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú (2016).

De réir cheanglais Alt 6 den Chód, (agus Alt 1.6 den Chód Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú - Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais), leagtar amach san fhaisnéis thíos sonraí an chórais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm le linn na bliana sin. Tá an córas sin fós i bhfeidhm agus cloítear leis fós.

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur le riosca. Ní féidir leis an gcorás, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú ionmlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta ar a faomhadh na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

D'fhorbair an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagráctaí na stiúrthóiri agus na mball foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistíochta riosca na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta, chun rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe a chur in iúl don lucht bainistíochta agus freagrácht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin. Tháinig CIR le chéile cúig huaire sa bhliain 2023.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntíú trí:

- freagráctaí bainistíocha a shainiu go soiléir;
- nósanna imeachta tuairiscithe a leagan síos chun teipeanna suntasacha a rialú agus lena chinntí go nglacfar gníomh ceartaitheach cuí;
- Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca tiomnaithe a chur ar bun ar a mbeidh beirt comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar a laghad;
- deighilt shoiléir idir feidhmeanna an Bhoird agus na Bainistíochta;
- Cód Iompair Gnó do chomhaltaí Boird agus d'fhoireann na Gníomhaireachta a fhoilsiú, agus;
- feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- cineál, méid agus impleachtaí féideartha na rioscaí atá le sárú ag an nGníomhaireachta a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí is inghlactha léi;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú, agus;
- aird a thabhairt ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe i gcoibhneas leis an sochar a fhaightear

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riarcháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

Áirítear leis go sonrach:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontóidh an Bord;
- athbhreithnithe rialta arna ndéanamh ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne spriocanna;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas, agus;
- iniúchadh inmheánach rialta.

Tá an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ina príomhghnáe chun an Bord a chur ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Feidhmíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Déantar feidhm iniúchóireachta inmheánaí na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta a sheachfhoinsíu chuig soláthraí 3^ú páirtí.

Cuirtear bonn eolais faoin bplean iniúchóireachta inmheánaí bliantúil le hanailís ar na rioscaí a bhfuil an Ghníomhaireacht nochta dóibh agus forbraíodh Clár Riosca foirmiúil i ndiaidh cleachtadh iomlán analíse riosca. Formhuiníonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. Formhuiníonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca analís riosca formhuinithe freisin agus faomhadh an Bord í. Soláthraíonn na hiniúchóirí inmheánacha tuarascálacha don Choiste ar thascanna a rinneadh. Léirítear sna tuarascálacha sin easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh.

Cuirtear comhfhereagras le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lena n-áirítear an Litir Bhainistíocha Iníúchóireachta, agus aon saincheisteanna a ardaítear inti, faoi bhráid an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus an Bhoird, rud a chinntíonn go bhfiosrófar na saincheisteanna a ardaítear.

Sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, rinne an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, trí ghníomhaíocht an Bhoird, monatóireacht ar obair an lucht Bainistíocha sa réimse airgeadais, oibriúcháin agus rialaithe inmheánaigh. Go sonrach, scrúdaigh an Bord an méid seo a leanas:

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

- cuntais bhainistíochta thréimhsíúla, ina bhfuil anailís agus míniú ar imeachtaí suntasacha ón mbuiséad;
- ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain 2023 agus mínithe ar dhifríochtaí suntasacha maidir leis an gcaiteachas sa bhliain 2022;
- buiséad bliantúil, plean airgeadais, agus plean soláthair chorparáidigh don bhliain 2024;
- athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha airgeadais;
- bainistiú an chaiteachais caipítel leanúnaigh agus tionscadal oibriúcháin;
- bainistiú agus cothabháil oibriochtaí stórála ola, agus;
- ceannach agus díol stoc ola.

Covid-19 agus Tionchar ar an Timpeallacht Rialaithe

Le linn 2022, baineadh srianta Covid-19 ar thaisteal agus timpeallachtaí san ionad oibre. Agus creat rialaithe láidir bunaithe chun oibriú go cianda le linn na paindéime, tá struchtúr oibre cumaisc curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht do na baill foirne go léir.

Soláthar

Tá beartas agus nós imeachta soláthair bunaithe ag an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta. Tá cleachtais soláthair GCON de réir an nós imeachta sin. Tá plean soláthair chorparáidigh atá bunaithe ar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta. Déantar an plean Soláthair Chorparáidigh a nuashonrú ar bhonn bliantúil.

Tá beartas agus nós imeachta Soláthair na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta comhsheasmhach le treoirlínte reatha na hOifige um Sholáthar Rialtais. I gcásanna áirithe, meastar gur cuí é eisceachtaí cuí-údaraithe a chur i bhfeidhm ar an mbeartas agus ar an nós imeachta Soláthair sin, (i.e. maidir le seirbhísí nó soláthraithe oibreacha dar luach os cionn €5,000 (gan CBL a áireamh) ar chuíseanna amhail práinn, an t-aon fhoinsé soláthair, sláinte agus sábháilteacht, srl.).

Tá GCON faoi réir Threoir AE 2014/24/AE arna cur chun feidhme in Éirinn agus le Rialacháin an Aontais Eorpaidh (Conarthaí Údarás Phoiblí a Dhámhachtain) 2016, maidir le soláthar seirbhísí, soláthairtí agus oibreacha os cionn tairseacha luacha áirithe arna leagan síos ag an Aontas Eorpach. I gcás nach bhfuil feidhm ag na Rialacháin, de bharr go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun thairseacha an Aontais nó go bhfuil siad lasmuigh de na Rialacháin, glacann GCON próiseas atá deartha chun an luach is fearr ar airgead a bhaint amach don Ghníomhaireacht. Faomhann ball den lucht bainistíochta eisceachtaí ar bheartas agus ar nós imeachta Soláthair GCON.

Ní hionann úsáid eisceachtaí faoi bheartas agus nós imeachta Soláthair GCON agus soláthar neamhchomhlíontach agus cuirtear críoch le heisceachtaí i gcuínsí srianta.

Le na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023, íocaíochtaí dar luach iomlán €893.6k (CBL san áireamh) maidir le hearraí agus seirbhísí a bhí ina n-ábhair d'eisceachtaí soláthair (€589.3k) arna bhfaomhadh ag an Lucht Bainistíochta nó a bhí ina soláthraithe foinse aonair (€304.3k).

Níor aimsíodh aon mhír a bhí neamhchomhlíontach leis na treoirlínte soláthair phoiblí le linn na bliana.

Cúrsaí Rialaithe Inmheánaigh

Chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ar feadh na tréimhse cé is moite de na míreanna atá aibhsithe thíos.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Cruinnithe leis an Aire 2023

Le linn na tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023, níor tionóladh aon chruinniú leis an Aire.

Beartas Cistíochta

Le linn na bliana, fuarthas go raibh líon beag idirbhearta ann nach raibh ag comhlíonadh bheartas Cisteáin na Gníomhaireachta. Tharla sé sin mar thoradh ar théarmaí conartha soláthair táirgí.

Deimhnithe Imréitigh Cánoch

Mar chuid dá gnó leanúnach, agus mar ghné riachtanach de chomhlíonadh shainchúram na Gníomhaireachta maidir leis an oibleagáid stoic ola 90 lá a choinneáil d'Éirinn, baineann GCON leas as seirbhísí roinnt cuideachtaí stórála agus soláthraithe seirbhíse thar lear agus laistigh den Aontas Eorpach.

Níl láithreacht trádála ag formhór na gcuideachtaí stórála sin in Éirinn, agus níl láithreacht chánach acu in Éirinn ach an oiread.

Mar sin féin, tá sé ina cheanglas ar na Coimisinéirí Ioncaim go mbeadh deimhnithe imréitigh cánoch (DICanna) ag cuideachtaí a bhfuil comhlachtaí stáit ag trádáil leo. Ceanglaíonn GCON ar gach ceann de na cuideachtaí sin DIC a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim.

I rith na bliana, rinneadh dhá íocaíocht le soláthraí Trish i gcás go raibh a dteastas imréitigh cánoch imithe in éag. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí breise leis an soláthraí sin go dtí go mbeadh deimhniú imréitigh cánoch cothrom le dáta curtha ar fáil faoi dheireadh Eanáir 2024.

Mar sin bhí an Ghníomhaireacht neamhchomhlíontach maidir leis an gceanglas sin dhá uair in 2023.

Cúrsaí Rialaithe Inmheánaigh - Nuashonrú ar an mbliain 2022

I dTuarascáil an Chathaoirligh chuig an Aire an 31 Nollaig 2022, tuairisciódh nach raibh GCON neamhchomhlíontach maidir le hábhair amháin. Tá nuashonrú ar fáil thíos.

Comhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta

In 2022, tugadh faoi deara nach raibh Comhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta (CSF) na Gníomhaireachta leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide athnuaithe ag deireadh a théarma. Mar sin féin, tá CSF nua comhaontaithe ó shin idir RCAC, an Roinn Iompair agus GCON. Beidh an CSF sin i bhfeidhm go dtí mí na Nollag 2026.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta


Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a forbairt agus a chothabháil.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Deimhním, maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh an 26 Feabhra 2023.

Sínithe thar ceann an Bhoird.



Frank Gleeson
Cathaoirleach

Dáta: 28 Bealtaine 2024



Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta

Cúltaca Ola Náisiúnta

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta (an chuideachta) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhórálacha alt 29 den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas ar athruithe ar chúlchistí, an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus na notaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha.

Is é mo thuairimse, maidir leis na ráitis airgeadais,

- tugtar léargas fior cothrom iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2023, agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2023.
- ullmhaíodh i gceart iad de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102
— An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infsheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann/agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iníúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagachtaí faoi na caighdeáin sin san agusín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gcuideachta agus tá mo fhreagachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

D'ullmhaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Mar a thuairiscítear san agusín a ghabhann leis an tuarascáil seo, tugaim mo thuairim maidir le

- oiriúnacht úsáid bhonn chuntasaíochta an ghnóthais leantaigh ag na stiúrthóirí, agus
- an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.

Tuairim ar ghnóthai arna bhforordú le hAcht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta amháin, is é mo thuairim

- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a bhí riachtanach, dar liom, chun críocha m'iniúchta.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ceanglaítear orm freisin le hAcht na gCuideachtaí 2014 tuairisc a thabhairt más rud é, i mo thuairim, nach nochtar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí arna n-éileamh le haitl 305 go 312 den Acht. Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin ráiteas an chathaoirligh, tuarascáil na stiúrthóirí, ráiteas freagrachtaí na stiúrthóirí agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ghnóthaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú trí eisceacht, san agusín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus

Ciste an 11 Meitheamh 2024

Aguisín a ghabhann leis

Freagachtaí na stiúrthóirí

Mar a shonraítear i ráiteas freagachtaí na stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhordaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014
- a chinntíú go dtabharfar léargas fior agus cothrom sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntíú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil sé oiriúnach bonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht a úsáid, agus
- pé rialú immheánach a cheapann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a bheidh saor ó mhíráiteas ábhartha a ullmhú, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 29 den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 ráitis airgeadais na cuideachta a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-ionláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraitheoirí míráiteas ábhartha, más ann dó, i gcónai in iniúchadh a dhéanfar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míráiteas teacht as calaois nó as earráid agus meastar go mbeidh siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaiocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, feidhmím mo bhrefiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Déanaim rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cé acu de bharr calaoise nó earráide, a shainainthint agus a mheasúnú; déanaim nósanna imeacha iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a dhearadh agus a chomhlíonadh; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús le mo thuairim a thabhairt. Tá an riosca nach mbraitheoirí míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, níos rúrú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeacha iniúchóireachta a dhearadh a bheidh oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta atá á n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na noctaí gaolmhara.
- Tugaim tuairim maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta arna fáil, ar an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinniollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanntínt ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na noctaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na noctaí sin, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Seans, áfach, nach mbeidh an chuideachá ina gnóthas leantach sa todhchaí má thagann athrú arimeachtaí nó ar dhálaí.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar ionlán na ráiteas airgeadais. lena n-áirítear na noctaí, agus cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú cothrom ar na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanálte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú immheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Níl an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis airgeadais curtha san áireamh agam sin sa tuairim a thug mé ar na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, agus é sin á dhéanamh agam, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, ní ar dócha go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar shlá eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Ag tuairisciú ar ghnóthaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscí sa chás go n-aithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má shainainthím aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na geríoch a bhí beartaithe níos rúrú ar chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca
Ola Náisiúnta

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023


	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Ioncam tobhaigh	2	102,373	95,087
Cistí Státhiste infhaigte	2	-	7,878
Maoiniú pinsin iarchurtha	21	152	219
Costais oibriúcháin	3	(40,509)	(39,130)
Cistí Státhiste iníoctha	2	-	(7,878)
Costais sochair scoir	21	<u>(152)</u>	<u>(219)</u>
Barrachas oibriúcháin - oibríochtaí leanúnacha		61,864	55,957
Gnóthachan ar dhíol stoc straitéiseach	JO	15,907	129,665
Aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide	5	<u>(80,000)</u>	<u>(92,000)</u>
Easnamh / Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús agus cánachas		(2,229)	93,622
Ús infhaigte	6	3,334	434
Ús íoctha	6	<u>-</u>	<u>(37)</u>
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		1,105	94,019
Muirear cánach ar bharrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	9	<u>-</u>	<u>-</u>
Barrachas don bhliain airgeadais		1,105	94,019

Tá Nótaí 1 - 23 ar leathanaigh 32-58 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird



Frank Gleeson
Stiúrthóir



Rossa McCann
Stiúrthóir

Dáta: 28 Bealtaine 2024

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca
 Ola Náisiúnta
 An Ghniomhaireacht Chultaca Ola Naisi(mta)

An Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh Eile

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Barrachas le haghaidh na bliana		1,105	94,019
Ioncam cuimsitheach eile			
Scéim Pinsin Seirbhís Poiblí Aonair (SPSPS)			
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach mar gheall ar athruithe ar bhoinn tuisceana		(10)	(443)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach mar gheall ar taithí scéime		(2)	75
(Caillteanas)/gnóthachan iomlán achtúireach sa bhliain	21	(12)	(368)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	21	12	368
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		1,105	94,019

Tá Nótaí 1 -23 ar leathanaigh 32-58 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo..

Thar ceann an Bhoird

Frank Gleeson
Stiúrthóir

Rossa McCann
Stiúrthóir

Dáta: 28 Bealtaine 2024

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola
Náisiúnta
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Sócmhainní seasta			
Stoic straitéiseacha	<i>JO</i>	942,728	710,716
Feabhsuite léasachta	<i>II</i>	33,242	35,186
Maoin, gléasra agus trealamh	<i>12</i>	85	114
		976,055	746,016
Sócmhainní reatha			
Infhlátais	<i>13</i>	28,528	171,590
Infheistíochtaí airgeadais	<i>14</i>	205,776	250,000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	<i>19</i>	107,072	181,845
		341,376	603,435
Dliteanais Reatha: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin			
Suimeanna iníoctha	<i>15</i>	(3,398)	(36,516)
Glansócmhainní reatha		337,978	566,919
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		1,314,033	1,312,935
Suimeanna iníoctha: méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin ar a laghad			
Creidiúnaithe eile	<i>16</i>	-	(5)
Glansócmhainní gan sochar scoir a áireamh		1,314,033	1,312,930
Sócmhainn sochair scor iarchurtha (SPSPS)	<i>21</i>	802	625
Dliteanas sochair scoir (SPSPS)	<i>21</i>	(802)	(625)
Glansócmhainní		1,314,033	1,312,930
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas	<i>18</i>	-	-
Cúlchistí Ioncaim		1,314,033	1,312,930
Cistí na scairshealbhóirí		1,314,033	1,312,930

Tá Nótáí 1 -23 ar leathanaigh 32-58 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

Frank Gleeson
Stiúrthóir

Rossa McCann
Stiúrthóir

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Cúlchistí Ioncaim € '000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2022	1,218,911
Barrachas don bhliain airgeadais	<u>94,019</u>
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	<u>94,019</u>
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2022	<u>1,312,930</u>
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2023	1,312,930
Barrachas don bhliain airgeadais	<u>1,105</u>
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain	<u>1,105</u>
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2023	<u>1,314,033</u>

Tá an glanchothromas inchurtha i leith shealbhóirí na ngnáthscaireanna sa Chuideachta.

Oibríonn GCON an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

Foráiltear in alt 44(3) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 go ndéanfaidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le linn dó ráta an Tobhaigh a chinneadh, féachaint lena chinntí (ag glacadh bliain amháin le bliain eile) go gcomhlíonnann na suimeanna a réadaítear trí na rátaí sin a chur i bhfeidhm ar na measúnuithe toirte speansais mheasta na Gníomhaireachta ach nach sáraíonn siad iad. Mar sin, meastar nach bhfuil an t-iarmhéid iomlán ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais ar fáil lena dháileadh.

Tá Nótáí 1 -23 ar leathanaigh 32-58 ina gcuid dhálás de na ráitis airgeadais seo.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 € '000	2022 € '000
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas / Easnamh Oibriúcháin		(2,229)	93,622
<i>Coigeartuithe le haghaidh:</i>			
Dímheas ar fheabhsuite léasachta	11	3,081	3,561
Dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh	12	49	48
Gnóthachan ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealmh		2	-
Caillteanais straitéiseacha stoic díscríofa	10	216	94
<i>Athruithe ar:</i>			
Trádáil agus infhlátais eile		144,022	(112,442)
Trádáil agus suimeanna iníoctha eile		(33,123)	23,489
Stoic straitéiseacha		(232,228)	<u>77,810</u>
Sreafaí airgid arna nginiúint as gníomhaíochtaí oibriúcháin		(120,210)	<u>86,182</u>
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Gluaiseachtaí i bhfeabhsuite léasachta	11	(1,137)	(1,208)
Gluaiseachtaí i maoin, gléasra agus trealamh	12	(20)	-
Fáltais ó dhíol sócmhainní inláimhsithe		(2)	-
Ús faigte	6	2,372	88
Ús diúltach iócta ar thaiscí	6	-	(37)
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		1,213	<u>(1,157)</u>
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		44,224	<u>(12,500)</u>
Gluaiseacht in infheistíochtaí airgeadais gearrthéarmacha		44,224	<u>(12,500)</u>
Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin		44,224	<u>(12,500)</u>
Gluaiseachtaí in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		(74,773)	72,525
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag túis na blíana	19	181,845	<u>109,320</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na blíana	19	107,072	<u>181,845</u>

Tá Nótaí 1 -23 ar leathanaigh 32-58 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na cuideachta.

Bunús leis an Ullmhú

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) ón gComhairle um Thuairisciú Airgeadais arna fhogairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo ar bhonn an ghnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stáiriúil agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014 is infheidhme maidir le tuairisciú na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2023.

Ullmhaíodh an ráiteas ar shreabhadh airgid ag baint úsáid as an modh indíreach.

Tá na príomhbheartais chuntasaíochta leagtha amach thíos agus cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro agus is é an Euro airgeadra feidhmiúil na cuideachta é.

Úsáid Meastachán agus Breithiúnas

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais ceanglaítear ar na stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm na mbeartas cuntasáíochta agus ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus speansas. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara bunaithe ar thaithí stáiriúil agus ar thosca éagsúla eile a cheaptar a bheith réasúnta faoi na himthosca, agus tá a dtortháí mar bhunús le breithiúnais a dhéanamh ar luachanna tugtha anonn na sócmhainní agus na dliteanas nach bhfuil follasach ó fhoinsí eile.

Go sonrach, tá réimsí suntasacha meastacháin, éiginnteachta agus breithiúnas criticiúil maidir le beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais sna réimsí seo a leanas:

Nóta 10: Stoic straitéiseacha

Cóinnítear Stoic Straitéiseacha faoi threoir an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ní bheartaítear iad a dhíol sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma. Déantar na stoic ola sin a aicmiú mar shócmhainní seasta seachas mar fhardal mar go léiríonn sé cuspóir agus cuspóiri na Gníomhaireachta ar bhealach níos fearr agus déantar iad a luacháil ag costas lúide caillteanais charntha bhearnúcháin. Déantar measúnú mionsonraithe bearnúcháin ag gach dáta tuairiscithe chun luach in-aisghabhála na stoc atá á gcoinneáil a mheas. Baineann na príomhbhreithiúnais atá mar bhonn faoin measúnú seo leis na praghsanna domhanda ola atá i réim agus leis an stair agus leis an úsáid atá beartaithe do na stoic ola sin.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha (ar lean)

Úsáid Meastachán agus Breithiúnas (ar lean)

Nóta 21: *Oibleagáidí Sochair Scoir*

Déantar na boinn tuisceana is bun leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí básmaireachta agus rátaí boilscithe), a nuashonrú bunaithe ar na dálaí eacnamaíocha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an tsocair scoir agus na bpleananna iar-scoir.

Téann an méid seo a leanas i bhfeidhm ar na boinn tuisceana sin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corporáideacha ardcháilíochta;
- (ii) leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo, agus;
- (iii) rátaí treochta um chostas cúraim sláinte, an ráta boilscithe leighis sna réigiúin ábhartha.

Ioncam

Cuimsítear san ioncam luach cóir na comaoine a fuarthas agus atá infhaichte gan cáin bhreislúacha a áireamh. Léirítear leis an ioncam tobhaigh na méideanna sonraisc a fuarthas agus atá infhaichte i leith na bliana arna bhfógairt ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Cánachas

Déantar an chuideachta a bhainistiú agus a rialú i bPoblacht na hÉireann agus dá bhrí sin, tá cónaí uirthi chun críocha cánach i bPoblacht na hÉireann. Aithnítear cáin sa ráiteas ioncaim agus caiteachais, ach amháin a mhéid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcúlchistí.

(i) Cáin reatha

Ríomhtar an cháiin reatha ar an mbarrachas don tréimhse. Cinntear an cháiin reatha trí úsáid a bhaint as rátaí cánach agus dlíthe cánacha a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dháta an ráitis ar an staid airgeadais.

(ii) Cáin iarchurtha

Eascaíonn cáin iarchurtha as difríochtaí uainiúcháin ar difríochtaí iad idir barrachais inchánach agus iomlán an ioncaim chuimsíthigh mar atá lúaite sna ráitis airgeadais. Eascaíonn na difríochtaí uainiúcháin sin as cuimsíú ioncaim agus speansas i measúnuithe cánach i dtréimhsí atá difriúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Soláthraítear cáin iarchurtha ina iomláine ar dhifríochtaí sealadacha a eascaíonn idir na boinn chánach sócmhainní agus dliteanas agus a suimeanna tugtha anonn sna ráitis airgeadais. Cinntear cáin iarchurtha trí úsáid a bhaint as rátaí cánach agus dlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoin dáta tuairiscithe agus táthar ag súil go mbeidh feidhm leo nuair a réadaítear an tsócmhainn chánach ioncaim iarchurtha lena mbaineann nó nuair a shocraítear an dliteanas cánach iarchurtha.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha a mhéid gur dócha go mbeidh barrachais inchánach ar fáil amach anseo ar féidir na difríochtaí sealadacha a úsáid ina leith.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha (ar lean)

Cánachas (ar lean)

(ii) Cán iarchurtha (ar lean)

Aithnítear dliteanais chánach iarchurtha maidir le barrachas na scéime pinsin (féach nota 15). Toisc gur dócha go bhféadfaí aon bharrachas inchánach a fhritháireamh i gcoinne léasanna cánach a tugadh ar aghaidh, aithníodh sócmhainn chánach iarchurtha de mhéid comhionann ar leithligh sna ráitis airgeadais (féach nota 13).

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais cánachais reatha nó iarchurtha a lascainiú.

Feabhsuithe Léasachta

Áirítear ar na feabhsuithe léasachta dreasachtaí léasa a bhaineann le comhaontuithe maidir le stóráil fhadtéarmach táirgí ola agus an costas a bhaineann le críochfoirt áirithe a athchóiriú i gcás ina bhfuil léas maoine ag an nGníomhaireacht agus gurb í an t-oibreoir críochfoirt í.

Tarlaíonn dreasachtaí léasa nuair a dhéantar íocaíocht roimh ré ag túis comhaontaithe stórála mar mhalaírt ar íocaíctaí míosúla laghdaithe stórála ar feadh fhad an chomhaontaithe. Déantar an íocaíocht tosaigh a chaipitliú agus a amúchadh de réir méid chothroim thar théarma an chomhaontaithe.

Ina theannta sin, chuaigh GCON isteach i léasanna maoine le haghaidh críochfoirt ola a úsáideann sé chun stoic straitéiseacha a stóráil. Mar chuid de na comhaontuithe tráchtála, glacann an Gníomhaireacht freagrácht as na saoráidí a athchóiriú ionas go mbeidh siad oiriúnach chun táirgí ola a stóráil. Déantar costais athchóirithe seachtracha a chaipitliú agus a amúchadh thar théarma an léasa a luithe a bhíonn gach críochfort ag oibriú.

Maoin, Gléasra agus Trealamh

(i) Costas

Déantar maoin, gléasra agus trealamh a thaifeadadh ag an gcostas stairiúil nó ag an gcostas measta, lúide dímheas carntha agus cailteanais bhearnúcháin. Áirítear ar an gcostas príomhchostais agus forchostais chun tógáil maoine, gléasra agus trealaimh a mhaoiniú.

(ii) Dímheas

Soláthraítear dímheas ar mhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh, de réir méid chothroim chun a gcostas a dhíscríobh lúide méideanna iarmharacha thar a saolréanna ionchais eacnamaíocha.

Is iad seo a leanas na saolréanna ionchais eacnamaíocha a shanntar do mhaoin, do ghléasra agus do threalamh:

Trealamh oifige	-	15% De réir méid chothroim
Trealamh ríomhaire	-	33% De réir méid chothroim
Daingneáin & feistis	-	15% De réir méid chothroim

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha (ar lean)

Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

(ii) Dímheas (ar lean)

Is beartas na cuideachta é athbhreithniú a dhéanamh ar na saolréanna eacnamaíocha atá fágtha agus luachanna iarmharacha na maoine, an ghléasra agus an trealaímh ar bhonn leanúnach agus an muirear dímheasa a choigeartú chun an saolré ionchais atá fágtha agus an luach iarmharach a léiriú.

Cóinnítear maoin, gléasra agus trealamh atá dímheasta go hiomlán sa chostas maoine, gléasra agus trealaímh agus an dímheas carntha gaolmhar go dtí go mbainfear as seirbhís iad. I gcás diúscairtí, baintear sócmhainní agus dímheas gaolmhar ó na ráitis airgeadais agus déantar an glanmhéid, lúide fáiltais ó dhiúscairtí, a ghearradh ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais nó a chur chun sochair air.

(iii) Bearnú

Déantar athbhreithniú freisin ar shócmhainní nár tugadh anonn ag luach cóir le haghaidh bearnú aon uair a léiritear le himeachtaí nó athruithe ar chuínsí go mb'fhéidir nach mbeidh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid in-aisghabhála.

Is ionann an méid in-aisghabhála agus an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide costais díola agus luach úsáide. Sainítear an luach úsáide mar luach reatha na sreafaí airgid réamhchánach agus úis amach anseo atá ar fáil mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne. Déantar na sreafaí airgid réamhchánach agus úis a lascainiú trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach lena léiritear an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí is gné dhálás den tsócmhainn. Chun críocha bearnú a mheasúnú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ar na leibhéal is ísle dá bhfuil sreafaí airgid a aithnítear astu fén (aonaid giniúna airgid).

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) níos ísle ná an tsuim ghlanluacha, laghdófar an tsuim ghlanluacha go dtí a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin sa ráiteas ioncaim agus caiteachais, ach amháin má dhéantar an tsócmhainn a athluacháil nuair a aithnítear an tsuim in ioncam cuimsitheach eile go dtí méid aon athluachála a aithníodh roimhe sin. Aithnítear barrachas ar bith ina dhiaidh sin sa ráiteas ioncaim agus caiteachais.

Má dhéantar caillteanas bearnúcháin a aisiompú ina dhiaidh sin, méadófar suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán athbhreithnithe a méid in-aisghabhála, ach ní dhéanfar é sin ach a mhéid nach sáróidh an tsuim ghlanluacha athbhreithnithe an tsuim ghlanluacha a chinnfí (glan ar dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas bearnúcháin i dtréimhsí roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanas bearnúcháin sa ráiteas ioncaim agus caiteachais.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. Achoimre ar Bheartais Chuntasáiochta Shuntasacha (ar lean)

Stoic Straitéiseacha

Déantar stoic straitéiseacha de tháirgí peitriliam a luacháil ag costas lúide caillteanais charntha bhearnúcháin. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lasta agus costais eile a tabhaíodh chun na stoic a thabhairt chuig a suíomh agus a riocht reatha.

Aicmítar Stoic Straitéiseacha mar shócmhainní seasta toisc nach bhfuil sé beartaithe iad a dhíol sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma.

Eascaíonn caillteanais stoic oibriúcháin as galú táirgí ola a choinnítear i stóráil le himeacht ama.. Déanann an Ghníomhaireacht monatóireacht leanúnach ar chailteanais oibriúcháin dá leithéid agus ar dhifríochaí tomhais i gcoinne caighdeáin tionscail. Aithnítear caillteanais stoic oibriúcháin sa bhliain ina dtarlaíonn siad bunaithe ar an difríocht idir an tomhas stoic iarbhir ag deireadh na bliana agus stoic "leabhair" (de réir an tsuímh).

Bearnú Sócmhainní

Déantar suimeanna glanluacha shócmhainní neamhairgeadais na Gníomhaireachta a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe lena chinneadh an bhfuil aon léiriú ar bhearnú. Má bhíonn aon léiriú dá leithéid ann, measfar méid in-aisghabhála na sócmhainne. Féadfar méid in-aisghabhála sócmhainne a chinneadh trí thagairt dá luach úsáide nó dá luach cóir lúide costais díola.

Aithnítear caillteanas bearnúcháin má sháraíonn suim ghlanluach sócmhainne a suim in-aisghabhála mheasta. Aithnítear caillteanais beharnucháin sa ráiteas ioncaim agus caiteachais. Déantar caillteanais bhearnúcháin a aithnítear i dtréimhsí roimhe seo a mheasúnú ag gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon léiriú gur laghdaigh an caillteanas nó nach bhfuil sé ann a thuilleadh.

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a aisiompú ach amháin sa mhéid is nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha a chinnfí dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas bearnúcháin.

I gcás Stoic Straitéiseacha, déantar an méid in-aisghabhála a chinneadh faoi threoir an luacha úsáide, agus cuspóir straitéise agus sainchúram na Gníomhaireachta á gcur san áireamh go sonrach.

Ní choinnítear Stoic Straitéiseacha ach chun go mbeidh siad ar fáil chun sainchúram reachtúil na Gníomhaireachta a chomhlíonadh seachas chun críocha tráchtála agus ní scaoilfear chuig an margadh iad ach ag tráthanna géarchéime amháin agus faoi threoir an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus mar fhreagairt ar fhreagairt idirmáisiúnta chomhordaithe (GIF agus/nó AE) ar cheist shainaitheanta. Ar an mbonn sin, measann an Bord gur cuí fianaise staire measúnaithe luach úsáide agus tosca cáilíochtúla eile a mheastar a bheith ábhartha chun luach in-aisghabhála na Stoc Straitéiseach arna gcoinneáil ag gach dáta tuairiscithe a mheas. Tá tuilleadh faisnéise leagtha amach i nota 10 leis na ráitis airgeadais.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaiochta Shuntasacha (ar lean)

Airgeadra

Airgeadra feidhmiúil agus cur i láthair

Déantar míreanna a áiritear i ráitis airgeadais na cuideachta a thomhas ag baint úsáid as airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina n-oibríonn an chuideachta ("an t-airgeadra feidhmiúil"). Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro, arb é sin airgeadra feidhmiúil agus cur i láthair na cuideachta agus cuittear in iúl é leis an tsiomайл “€”.

Idirbhhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhhearta airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag baint úsáid as na spótrátaí malaire ar dhátaí na n-idirbhhearta nó ag ráta conartha.

Ag deireadh gach bliana, aistrítear míreanna airgeadaíochta airgeadra eachtraigh ag baint úsáid as an ráta deiridh. Is éard is sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta ann ná iarmhéideanna airgid thirim agus sonraisc neamhshocraithe díolacháin agus ceannacháin.

Ticéid Stoic

Is ionann conarthaí sealúchais gearrthéarmacha agus ticéid stoic faoina n-aontaíonn páirtí amháin ola a choinneáil a bheidh ar fáil do chontrapháirtí le linn tréimhse shonraithe, agus faoina mbeidh rogha ag an gcontrapháirtí ola a cheannach i gcúinsí éigeandála, ar phraghas a chinnfear amach anseo. I dtréimhsí ina mbíonn stoic fhisiceacha na Gníomhaireachta faoi bhun a hoibleagáide stocshealbhaíochta ceannaíonn sí ticéid stoic, agus os a choinne sin, i dtréimhsí ina sáraíonn stoic fhisiceacha na Gníomhaireachta a hoibleagáid stocshealbhaíochtaí féadfaidh sí ticéid stoic a dhíol i suíomhanna áirithe. Déantar an t-ioncam nó na costais a bhaineann leis na ticéid sin a thaifeadadh sa ráiteas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse lena mbaineann na conarthaí.

Léasanna

Léasanna Oibriúcháin

Aicmítear léasanna ina gcoimeádann an léasóir na rioscaí agus na luaíochtaí úinéireachta uile nach mór mar léasanna oibriúcháin. Gearrtar íocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin (glen ar aon dreasachtaí a fhaightear ón léasóir) ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa.

Sochair Fostaithé

Soláthraíonn an chuideachta réimse sochar d'fhostaithe, lena n-áiritear socrutithe saoire le pá agus pleannanna sochair scoir sainithe.

(i) Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áiritear pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta chomhchosúla eile, mar speansas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha (ar lean)

Sochair Fostaithe (ar lean)

(ii) Scéim Pinsean Aonair

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht an Scéim Pinsin Seirbhís Poiblí Aonair (Scéim Aonair), arb í an scéim pinsean sochair scoir sainithe í do sheirbhísigh phoiblí arna n-earcú an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íocatar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair agus ranníocaíochtaí an fhostóra leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR).

Déantar soláthar sa scéim do phinsean agus do chnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin gairme, agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é 66 bliain d'aois an aois íosta pinsin (agus ardaíonn sin de réir athruithe ar aois an phinsin Stáit). Áirítear leis saoráid luathscoir laghdaithe go hachtúireach ó 55 bliain d'aois ar aghaidh. Ardaítear pinsin atá á n-íoc ag ar aon dul leis an bpraghás innéacs tomholtóirí.

Iasachtaí Bainc

Aithnítear iasachtaí bainc ar dtús ag praghás an idirbhirt (luach reatha an airgid thirim iníocha, costais idirbhirt san áireamh). Nuair is eol sreafáí airgid ionchasacha amach anseo nó nuair is féidir iad a mheas go hiontaofa déantar tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáid as modh an ráta úis éifeachtaigh.

Tomhaistear Saoráidí Creidmheasa Imrothlaigh (SCIInna) ag praghás an idirbhirt toisc nach heol na sreafáí airgid ionchasacha.

Ní raibh aon iasachtaí bainc ag an gcuideachta sa bhliain 2023.

Ionstraimí Airgeadais Díorthach

D'úsáid GCON Babhtálacha Ráta Úis (IRS, "Babhtálacha") roimhe seo chun an riosca ráta úis a fhálú ó rátaí comhlúthacha SCI. Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthach ag luach cóir bunaithe ar luachálacha marc go margadh a sholáthraíonn na bainc chontrapháirtí.

Ní raibh aon ionstraimí airgeadais díorthach ráta úis ag an gcuideachta sa bhliain 2023.

Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh figiúirí comparáideacha a athghrúpáil agus a athanailísiú, nuair ba ghá, ar an mbonn céanna leis na cinn don tréimhse reatha.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

2. Ioncam

a. Ioncam tobhaigh

Bailítear Ioncam Tobhaigh de réir théarmaí na Rialachán seo a leanas:

- Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach) 2007 (I.R. Uimh. 567 de 2007);
- Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach) 2009 (I.R. Uimh. 214 de 2009);
- Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach) (Leasú) (Uimh. 2) 2009 (I.R. Uimh. 220 de 2009);
- Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach) 2010 (I.R. Uimh. 356 de 2010);
- Rialachán an Achta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Muirear Imcheannaigh na hOibleagáide Bithbhreosla) 2010 (I.R. Uimh. 644 de 2010), agus;
- Rialachán an Achta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Ráta Oibleagáide Bithbhreosla) 2012 (I.R. Uimh. 562 de 2012).
- Rialachán an Achta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Ráta Oibleagáide Bithbhreosla) 2018 (I.R. Uimh. 198 de 2018).
- An tAcht um an nGníomhaireacht Cúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sheirbhísí Lárnacha Cisteáin a Sholáthar, 2020.
- An Acht um Chostais Leictreachais (Cuntas Leictreachais Baile) Bearta Éigeandála agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022.

Mar gheall ar thabhairt isteach na Scéime um Oibleagáid maidir le Breosla Iompair In-Athnuait, an Scéim um Oibleagáid Bithbhreosla roimhe seo, i mí Iúil 2010, rinneadh Ioncam Tobhaigh GCON don bhliain a dheighilt sna catagóirí seo a leanas:

	2023 € '000	2022 € '000
Breosla Iontaise	101,970	94,778
Bithbhreosla	403	309
	102,373	95,087

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

2. Ioncam (ar lean)

b. Muirear Imcheannaigh SOB

Déantar forálacha faoin Acht Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2010 agus Rialachán an Achta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (OBII (Muirear Imcheannaigh na Scéime um Oibleagáid Bhithbhreosla) 2010 (I.R. 644 de 2010) muirear imcheannaigh OBII (BOS) a chur i bhfeidhm ar pháirtithe faoi oibleagáid a oibríonn laistigh den scéim nuair nach gcomhlíonann páirtí faoi oibleagáid a oibleagáid maidir le bithbhreoslaí sa bhliain is infheidhme. In 2023, b'ionann an ráta oibleagáide cumaisc agus 16.985% agus in 2022 b'ionann an ráta sin agus 14.942%.

Le linn 2023, níor íocadh aon muirir imcheannaigh OBII le GCON. In 2022, d'íoc dhá pháirtí faoi oibleagáid an muirear imcheannaigh, agus bhí na suimeanna a bhí á n-íoc leis an Státhiste i gcomhréir leis an reachtaíocht.

	2023 € '000	2022 € '000
Cistí Státhiste infhaighte	-	7,878
Cistí Státhiste iníoctha	-	<u>(7,878)</u>
	-	-

3. Costais Oibriúcháin

	2023 € '000	2022 € '000
Costais stórála	36,002	35,510
Díscríobhadh caillteanas stoc straitéiseach	216	94
Ticéid stoic	120	185
Tuarastail agus costais sochair scoir (Nóta 8(a)) &(Nóta 21(a))	856	783
Táillí na stiúrthóirí (Nóta 8(d))	32	35
Táillí riarracháin agus gairmiúla	692	557
Costais airgeadais (lena n-áirítear gnóthacháin FX)	297	(572)
Uasghrádú ar stoc agus costais gluaiseachta	64	228
Costais a bhaineann le Covid-19	-	1
Costais oibriúcháin eile	<u>2,230</u>	<u>2,309</u>
	40,509	39,130

Áirítear ar chostais oibriúcháin eile costais Árachais agus Monatóireachta Cálíochta Stoic, mar aon le costais Riarrachán na Scéime OBII.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

4. Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais chomhairleoireachta an costas ar chomhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní áirítear leis feidhmeanna ‘gnó mar is gnách’.

	2023	2022
	€	€
Comhairle dhlíthiúil	9,050	9,330
Comhairle airgeadais	105,714	59,416
Acmhainní Daonna	11,000	4,250
Eile	13,964	5,439
	<hr/> 139,728	<hr/> 78,435

Ní sháraíonn costais dhlíthiúla a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe €50,000 don tréimhse tuairiscithe agus mar sin ní nochtar go leithleach iad sa nóta seo.

Gearradh gach costas comhairleoireachta ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais.

5. Aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide

Achtaíodh an tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin 2020 an 1 Lúnasa 2020. Éascaítear leis an reachtaíocht nua sin aistriú cistí Tobhaigh GCON chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide agus éascaíonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide é. Sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, bhí cistí Tobhaigh GCON a sonrascaíodh agus a bailíodh ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023 ar fáil lena n-aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Indiaidh plé le RCAC agus na forálacha atá sa reachtaíocht a chur san áireamh, ar threoir ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, d'aistrígh GCON an tsuim €80.0 milliún chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí na Nollag 2023 (2022: €92.0 milliún).

	2023	2022
	€ '000	€ '000
Aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide	<hr/> 80,000	<hr/> 92,000

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta
Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

6. Ús Iníochta agus Infhaighte

	2023 € '000	2022 € '000
Ús diúltach ioctha ar thaiscí	-	37
Ús bainc infhaighte	(3,331)	(425)
Ús tobhaigh infhaighte	(3)	(9)
	<u>(3,334)</u>	<u>(397)</u>
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ús bainc agus tobhaigh infhaighte	(3,334)	(434)
Gluaiseacht ar an ús tobhaigh infhaighte	<u>962</u>	<u>346</u>
Ús faighte	<u>(2,372)</u>	<u>(88)</u>

7. Barrachas roimh Chánachas don Bhliain

Baineadh é sin amach i ndiaidh na míreanna seo a leanas a mhuirearú:

	2023 € '000	2022 € '000
Luach saothair na Stiúrthóirí	32	35
Luach saothair na n-iniúchóirí	37	37
Dímheas ar fheabhsuite léasachta	3,081	3,561
Dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh	<u>49</u>	<u>48</u>

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

8. Líon agus Costais Ball Foirne

- (a) Ba é seo a leanas meánlín miosúil na ndaoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta sa tréimhse airgeadais arna hanailísiú de réir catagóire:

	2023	2022
Feidhmeannaigh	1	1
Oibríochtaí	2	2
Airgeadas	<u>4</u>	<u>4</u>
	<u>7</u>	<u>7</u>

Ba iad seo a leanas costais chomhionlána phárolla na bhfostaithe sin:

	2023	2022
	€ '000	€ '000
Pá agus tuarastail	672	611
Costais Leasa Shóisialaigh	73	68
Costais i dtaca leis an Scéim Pinsin Seirbhise Poiblí Aonair	<u>111</u>	<u>104</u>
	<u>856</u>	<u>783</u>

De réir Chinneadh an Rialtais a fógraíodh i mBuiséad 2012 b'ionann uasteorainn líon fostáiochta Chreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) na Gníomhaireachta don bhliain 2023 agus 9 mball foirne (2022: 8 mball foirne).

Baineann costais na Scéime Pinsin Seirbhise Poiblí Aonair de €111k sa bhliain 2023 (2022: €104k) leis na ranníocaíochtaí fostóra don bhliain faoin ‘Scéim Aonair’ iníocha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóiriúthe mar atá forordaithe faoi Imlitir 28/2016: A Scéim Pinsin Seirbhise Poiblí Aonair: Ranníocaíochtaí Fostóra is gá i gcásanna comhlachtaí féinmhaoinithe nó gníomhaíochtaí féinmhaoinithe. B'ionann ranníocaíochtaí na bhfostaithe leis an scéim sa bhliain agus €37k (2022: €35k).

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

8. Líon agus Costais Ball Foirne (ar lean)

Ina theannta sin, ba é seo a leanas líon na bhfostaithe a bhí ag saothrú os cion €60,000:

	2023	2022
Idir €60,000 agus €70,000	-	1
Idir €70,000 agus €80,000	1	1
Idir €80,000 agus €90,000	1	-
Idir €90,000 agus €100,000	1	2
Idir €100,000 agus €110,000	1	-
Idir €110,000 agus €120,000	1	1
Idir €120,000 agus €130,000	-	-
Idir €130,000 agus €140,000	-	-
Idir €140,000 agus €150,000	-	-
Idir €150,000 agus €160,000	-	1
Idir €160,000 agus €170,000	1	-
	<hr/> 6 <hr/>	<hr/> 6 <hr/>

- (b) Cuimsítear sa phríomhphearsanra bainistíochta comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, comhaltaí den Bhainistíocht Oibríochtaí agus an Ceann Airgeadais. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

	2023	2022
	€	€
Buntuarastal bliantúil	477,081	453,840
Táillí na stiúrthóirí	31,711	35,055
	<hr/> 508,792 <hr/>	<hr/> 488,895 <hr/>

Ní chuimsítear leis sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa bhliain. Ní théann teidlíochtaí sochair scoir an phríomhphearsanra bainistíochta thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa Scéim Aoisliúntais Samhla le sochar sainithe do státseirbhísigh.

- (c) Is é seo a leanas sonraí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don bhliain dar críoch 2023 atá san áireamh i bhfigiúr na gcostas pá agus tuarastal de €672,128 (2022: €611,081):

	2023	2022
	€	€
Buntuarastal bliantúil - Frank Bergin	161,244	156,328
	<hr/> 161,244 <hr/>	<hr/> 156,328 <hr/>

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Ní théann teidlíochtaí sochair scoir an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa Scéim Aoisliúntais Samhla le sochar sainithe do státseirbhísigh.

Thabhaigh na Príomhfheidhmeannaigh speansais €2,175 (2022: €3,797) le linn na bliana agus baineann siad go díreach le comhlíonadh a ndualgas mar Phríomhfheidhmeannach, agus ní mar chomhalta Boird. Cuimsítear sna costais sin na catagóirí seo a leanas: míleáiste, cothabháil, táillí aeir, lóistín óstáin, siamsaíocht agus costais eile.

- (d) Ba iad seo a leanas táillí na stiúrthóirí a íocadh sa bhliain:

	2023	2022
	€	€
Frank Gleeson (arna cheapadh an 29 Samhain 2023)	1,088	-
Terry Nolan (d'éirigh sé as an 13 Deireadh Fómhair 2023)	9,431	11,970
Frank O'Flynn	7,695	7,695
Keara Robins (d'éirigh sí as an 30 Lúnasa 2023)	5,102	7,695
Mairéad McCabe	-	-
Rossa McCann	7,695	7,695
Yvonne Coughlan (arna ceapadh an 29 Samhain 2023)	700	-
Frank Bergin	-	-
	<hr/> 31,711	<hr/> 35,055

Ba ionann speansais na Stiúrthóirí sa bhliain 2023 agus €460 (2022 - €963).

- (e) Asbhaineadh suim €14,610 (2022- €13,393) i leith na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise i dtaca leis na baill fairne go léir in 2023 agus íocadh é sin anonn leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.
- (f) B'ionann speansais fáilteachais an lucht bainistíochta agus na fairne don bhliain agus €1,491 (2022 - €1,978).
- (g) B'ionann an caiteachas iomlán ar thaisteal thar lear a tabhaíodh sa bhliain i leith an POF agus na fairne go léir agus €7,947 (2022 - €7,730).
- (h) B'ionann an caiteachas iomlán ar thaisteal baile a tabhaíodh sa bhliain i leith an POF agus na fairne go léir agus €9,517 (2022 - €6,539).

- (i) Áirítéar an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa ráiteas ioncaim agus caiteachais:

	2023	2022
	€	€
Fáilteachas fairne	1,491	1,978
Fáilteachas claint	2,218	99
Iomlán	<hr/> 3,709	<hr/> 2,077

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

9. Cánachas

	2023 € '000	2022 € '000
Cáin reatha		
Cáin chorparáide don bhliain reatha	-	-
 <i>Tosca a théann i bhfeidhm ar mhuirear cánach don tréimhse</i>		
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	1,105	<u>94,019</u>
Barrachas / Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach corporáidí de 12.50% (2022: 12.50%)	138	11,752
 <i>Éifeachtai maidir le:</i>		
Ioncam nach bhfuil inchánach	(13,213)	(11,940)
Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach	10,319	11,696
Caillteanais neamhaitheanta	2,756	<u>(11,508)</u>
Táille/(creidmheas) cánach reatha don bhliain	-	-

Níl an chuideachta faoi dhliteanas cáin chorparáide a ghearradh ar a hioncam tobhaigh don bhliain.

Cuimsítear GCON i Sceideal 4 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 ("TCA 1997") trínar féidir le GCON leas a bhaint as an diolúine faoi A.227 TCA 1997. Déantar foráil leis sin do dhíolúine ar ioncam inchánach faoi Chásanna III, IV agus V a eascraíonn do chomhlachtaí neamhchráchtala Stáit-ionscanta. Ar an mbonn sin, níl an t-ioncam úis atá sa ráiteas ioncaim don tréimhse inchánach.

De réir FRS102, níor aithníodh aon sócmhainn cánach iarchurtha i leith caillteanais cánach trádála arna dtabhairt ar aghaidh, toisc nach dócha go mbeidh barrachais oiriúnacha ann amach anseo chun na caillteanais a tugadh ar aghaidh a fhritháireamh. Is é an tsócmhainn iomlán cánach iarchurtha a eascraíonn as sin ná €63.8m amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €61.9m).

Ba é €63.8m an tsócmhainn cánach iarchurtha iomlán neamhaitheanta a eascraíonn as caillteanais cánach a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €61.9m).

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

10. Stoic Straitéiseacha

	2023	2022
	€ '000	€ '000
Ag Costas		
<i>Táirgí Peitriliam</i>		
Ag túis na bliana	710,716	788,620
Méideanna breise sa bhliain	264,302	37,050
Díolachán le linn na bliana	(32,074)	(114,860)
Cailleannais a díscróibhadh le linn na bliana	(216)	(94)
Ag deireadh na bliana	942,728	710,716
Gnóthachan ar dhíol stoc straitéiseach		
Glanfháltais díolacháin	47,981	244,903
Lúide: Costas an táirge	(32,074)	(115,238)
	15,907	129,665

Coinnítear Stoic Straitéiseacha faoi threoir an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ní bheartaítear iad a dhíol sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma.

Shonraigh na Stiúrthóirí praghsanna an margaidh ola a bhí i réim le linn 2023 agus níor aithin siad é sin mar léiriú ar bhearnú féideartha. Rinne an Ghníomhaireacht measúnú mionsonraithe um bearnú bunaithe ar phraghas an mhargaidh ola amhail an 31 Nollaig 2023. Bhreithnigh an Ghníomhaireacht é sin agus luach in-aisghabhála na Stoc Straitéiseacha atá á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht á mheas aici. Thug na Stiúrthóirí faoi athbhreithniú mionsonraithe ar bhearnú an 26 Feabhra 2024. I ndiaidh an athbhreithnithe sin, tháinig na Stiúrthóirí ar an tuairim nach bhfuil luach in-aisghabhála na Stoc atá á gcoinneáil níos lú ná a luach tugtha anonn amhail an 31 Nollaig 2023.

Seo a leanas na príomhbhreitheanna ábhartha atá mar bhonn faoin measúnú sin:

- Tháinig úsáid stairiúil stoic GCON chun cinn go príomha le linn géarchéimeanna soláthair ola nó imthosca eile a raibh dílonnú suntasach i ndinimic an tsoláthair ola sa mhargadh domhanda nó i margáí réigiúnacha ar leith mar thoradh orthu agus ar fhreagair GCON orthu bunaithe ar iarratais, sa bhaile nó go hidirnáisiúnta, chun Stoic Straitéiseacha a scoileadh chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais shainaitheanta a bhí ag teacht chun cinn. Léirítear in anailís ar na himthosca inar ghlac an Ghníomhaireacht páirt i ngníomhaíochtaí comhordaithe dá leithéid gur tháinig méadú inbhraite ar an bpraghásáil ola chun cinn i gcoibhneas leis na praghsanna a bhí i réim roimh na himeachtaí sin agus ina ndiaidh.
- Ceapann na Stiúrthóirí go mbeadh méadú suntasach ar phraghsáil an mhargaidh ola, a bhaineann go díreach leis na srianta gaolmhara ar an soláthar atá ar fáil chun freastal ar an éileamh, mar thoradh ar imeachtaí nó imthosca amach anseo a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le go scaolfi Stoc Straitéiseach.
- I mí Feabhra 2022, rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin. Tháinig ardú suntasach ar phraghsanna ola mar gheall air sin. Ar an meán, le linn na bliana, bhí praghas na dtáirgí ola arna stóráil ag GCON os cionn \$1,000 in aghaidh an tona.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

- I mí an Mhárta agus i mí Aibreán 2022 d'iarr an GIF go scaoilfí dhá chúlchiste straitéiseacha go deonach agus roghnaigh Éire tacú leis an scaoileadh sin agus páirt a ghlacadh iontu. Scaoileadh cion beag de stoic na Gníomhaireachta ón Danmhairg agus ón Ríocht Aontaithe mar thoradh air sin. Mar gur tháinig ardú tobann ar na praghsanna tráchttearraí de bhun na géarchéime sin, tacaítear le measúnú na Stiúrthóirí maidir le luach in-aisghabhála na stoc atá á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht.
- Ba é costas athsholáthair na stoc amhail an 31 Nollaig 2023 €1.19 billiún (31 Nollaig 2022): €1.16 billiún), i ndiaidh an méadú ar an stoc le linn na bliana a chur san áireamh. Ríomhtar an costas athsholáthair faoi threoir na stoc fisiceach a bhí á gcoinneáil ag deireadh na bliana, arna luacháil ag meánphraghsanna margaidh do mhí na Nollag 2023 agus do mhí na Nollag 2022 faoi seach.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais *don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023*

11. Feabhsuithe Léasachta

a. An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

	Feabhsuithe Léasachta	€ '000
<i>Costas</i>		
Ag túis na tréimhse	68,679	
Méideanna breise sa tréimhse	1,598	
Diúscairtí sa tréimhse	<u>(461)</u>	
Ag deireadh na tréimhse	69,816	
<i>Dímheas</i>		
Ag túis na tréimhse	33,493	
Muirrear don bhliain	<u>3,081</u>	
Ag deireadh na tréimhse	36,574	
<i>Glanluach de réir na leabhar:</i>		
Ar an 31 Nollaig 2023	33,242	
Ar an 31 Nollaig 2022	35,186	

b. An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

	Léasach Feabhsuithe	€ '000
<i>Costas</i>		
Ag túis na tréimhse	67,471	
Méideanna breise sa tréimhse	2,109	
Diúscairtí sa tréimhse	<u>(901)</u>	
Ag deireadh na tréimhse	68,679	
<i>Dímheas</i>		
Ag túis na tréimhse	29,932	
Muirrear don bhliain	<u>3,561</u>	
Ag deireadh na tréimhse	33,493	
<i>Glanluach de réir na leabhar:</i>		
Ar an 31 Nollaig 2022	35,186	
Ar an 31 Nollaig 2021	37,539	

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta
Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

12. Maoin, Gléasra agus Trealamh

a. don Bhliain dar Críoch 31/12/23

	Trealamh Oifige € '000	Trealamh Ríomhaire € '000	Daingneán Feistis € '000	Iomlán € '000
<i>Costas</i>				
Ag túis na tréimhse	76	103	217	396
Méideanna breise sa tréimhse	1	17	4	22
Diúscairtí sa tréimhse	-	(1)	(4)	(5)
Ag deireadh na tréimhse	77	119	217	413
<i>Dímheas</i>				
Ag túis na tréimhse	51	99	132	282
Muirrear don bhliain	9	9	31	49
Diúscairtí sa tréimhse	-	(1)	(2)	(3)
Ag deireadh na tréimhse	60	107	161	328
<i>Glanluach de réir na leabhar:</i>				
Ar an 31 Nollaig 2023	17	12	56	85
Ar an 31 Nollaig 2022	25	4	85	114

b. An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 22

	Trealamh Oifige € '000	Trealamh Ríomhaire € '000	Daingneán & Feistis € '000	Iomlán € '000
<i>Costas</i>				
Ag túis na tréimhse	76	103	217	396
Ag deireadh na tréimhse	76	103	217	396
<i>Dímheas</i>				
Ag túis na tréimhse	42	92	100	234
Muirrear don bhliain	9	7	32	48
Ag deireadh na tréimhse	51	99	132	282
<i>Glanluach de réir na leabhar:</i>				
Ar an 31 Nollaig 2022	25	4	85	114
Ar an 31 Nollaig 2021	34	11	117	162

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireseachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

13. Infháltais

	2023 € '000	2022 € '000
Infháltais trádála	9,757	686
Cáin bhreisluacha	1,349	1,712
Réamhíocaíochtaí	629	592
Ioncam fabhraithe	16,788	168,595
Infháltais eile	5	5
	<hr/> 28,528	<hr/> 171,590
	<hr/>	<hr/>

Cuimsítear san ioncam fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2023 €4.9m maidir le díolachán stoc straitéisearch, €11.9m maidir le costais in-aisghabhála eile, ús fabhraithe agus ioncam tobhaigh fabhraithe le haghaidh mhí na Nollaig 2023 (31 Nollaig 2022: €163.9m).

Cuimsítear sa cháin bhreisluacha amhail an 31 Nollaig 2023 €1.28m d'aisíocaíocht atá dlite ó Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann (31 Nollaig 2022: €1.68m) agus €0.07m atá dlite ó údaráis chánachais na Danmhairge (31 Nollaig 2022: €0.03m).

14. Infheist't Airgeadais

	2023 € '000	2022 € '000
Nótaí Státhchiste níos mó ná 3 mhí	<hr/> 205,776	<hr/> 250,000
	<hr/>	<hr/>

Cuimsítear sna hinfheistíochtaí airgeadais nótaí státhchiste a ceannaíodh ó Ghníomhaireseacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar a bhfuil dáta aibíochta níos mó ná 3 mhí i ndiaidh dheireadh na bliana. Tá nótaí Státhchiste ar a bhfuil dáta aibíochta níos lú ná 3 mhí i ndiaidh dheireadh na bliana aitheanta laistigh d'airgead tirim agus coibhéisi airgid thirim.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

15. Dliteanais Reatha: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	2023 € '000	2022 € '000
Fabhrúithe	3,317	36,415
ÍMAT/ÁSPC	24	16
Suimeanna iníochta eile	52	24
Soláthar le haghaidh chonarthaí dochraideach atá dlite laistigh de bhliain amháin	5	61
	<hr/> <u>3,398</u>	<hr/> <u>36,516</u>

Bhí teideal forchoimeádais le roinnt suimeanna iníochta trádála ar earraí a soláthraíodh don Ghníomhaireacht. Braitheann a mhéid a dhéantar na suimeanna iníochta sin a urrú go héifeachtach ar líon tosca agus dálaí, cuid acu nach féidir iad a chinneadh go héasca, agus mar sin ní féidir a léiriú cá mhéad den mhéid thusa atá urraithe faoi fhorchoimeádas teidil.

Ar an 31 Nollaig 2023, rinneadh €Náid a fhabhrú chun stoic straitéiseacha a cheannach (31 Nollaig 2022: €32.1m).

16. Suimeanna iníochta: méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin ar a laghad

	2023 € '000	2022 € '000
Soláthar le haghaidh conarthaí dochraideacha atá dlite i ndiaidh bliain amháin	-	5
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Anailís ar aibiocht:

	2023 € '000	2022 € '000
Tá conarthaí dochraideacha inaisíochta mar a leanas:		
(a) Faoi cheann bliana go dhá bhliain	-	5
	<hr/>	<hr/>
	-	5
	<hr/>	<hr/>

Níltear ag súil go mbeidh an oifig ag 7 Cearnóg Mhic Liam á fáil ar foléas ar feadh a bhfuil fágtha den chonradh léasa. Dá bhrí sin, measadh go bhfuil an tréimhse léasa atá fágtha ina gconradh dochraideach agus réadaíodh an costas ón 1 Eanáir 2020 go deireadh an léasa i mí Eanáir 2024 (€250k) sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus réadaíodh an dliteanas laistigh de chreidiúnaithe in 2023, 2022, 2021 agus 2020.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

17. Bainistíocht Riosca Cisteáin

Anailís Airgeadra

Is é seo a leanas anailís ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach.

	€'000 USD	€'000 STG	€'000 DKK
Sócmhainní airgeadaíochta	1,420	101	73
Dliteanais airgeadaíochta	—	—	—
	<u>1,420</u>	<u>101</u>	<u>73</u>

Is éard is sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta ann ná iarmhéideanna airgid thirim agus sonraisc neamhshocraithe díolacháin agus ceannacháin.

18. Scairchaipiteal Glauite Curtha i Láthair Mar Chothromas

Tá 100 gnáthscair dar luach €1.27 údaraithe, a raibh 1 scair díobh dálite, glaoite suas agus íoctha go hiomlán ar an 31 Nollaig 2023 (31 Nollaig 2022: 1 scair).

19. Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim

a. An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

○	1 Eanáir '23 € '000	Sreabhadh airgid thirim € '000	31 Nollaig '23 € '000
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh	<u>181,845</u>	<u>(74,773)</u>	<u>107,072</u>
	<u>181,845</u>	<u>(74,773)</u>	<u>107,072</u>

b. An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022

○	1 Eanáir '22 € '000	Sreabhadh airgid thirim € '000	31 Nollaig '22 € '000
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh	<u>109,320</u>	<u>72,525</u>	<u>181,845</u>
	<u>109,320</u>	<u>72,525</u>	<u>181,845</u>

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

20. Ceangaltais

Ceangaltais maidir le léas oibriúcháin

B'ionann na táillí maidir le léas oibriúcháin a aithníodh mar speansas agus €31,243,954 (2022: €29,270,203).

Tá leasanna léasachta ag an gcuideachta ina hoifig chláraithe ar an Dara hUrlár, Foirgneamh Uimhir 3, Uimhir a hAon, Droichead na Dothra, 126 Bóthar Pheambróg, Baile Átha Cliath 4, D04 EP27 agus i saoráidí stórála ola sa Rinn, Baile Átha Cliath; An Poll Beag, Baile Átha Cliath; agus Tairbeart, Co. Chiarraí. Tá leas léasachta eile ag an gcuideachta ag 7 Cearnóg Chlann Liam, Cé na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, D02 CV48.

Áitribh

Tá ceangaltais ag an nGníomhaireacht atá iníoctha suas go dtí deireadh mhí Eanáir 2024 maidir le léas 25 bliain ar chóiríocht oifige ag 7 Cearnóg Chlann Liam, Cé na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2 D02 CV48. Is é €61,400 in aghaidh na bliana an cíos reatha.

Mar a luadh i nóta 16, taifeadadh an ceangaltais sin mar chonradh dochraideach agus gearradh mar speansas é ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain 2020.

Tá ceangaltais ag an nGníomhaireacht atá iníoctha suas go dtí an bhliain 2034 maidir le léas 15 bliana ar chóiríocht oifige ar an Dara hUrlár, Foirgneamh 3, Uimhir a hAon, Droichead na Dothra, 126 Bóthar Penfro, Baile Átha Cliath 4, D04 EP27. Déantar athbhreithniú cíosa gach 5 bliana agus is é €177,670 in aghaidh na bliana an cíos reatha.

Ar an 31 Nollaig 2023, bhí na híosmhuirir léasa seo a leanas ag an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta faoi leasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

	2023		2022	
	Maoín	Stóráil Ola	Maoín	Stóráil Ola
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Iníoctha				
Dlite laistigh de bhliain amháin	178	31,222	178	36,527
Faoi cheann dhá bhliain go cúig bliana	711	204,764	711	146,327
I ndiaidh cúig bliana	1,028	79,055	1,205	138,121
	<hr/>	<hr/>	<hr/>	<hr/>
	1,917	315,041	2,094	320,975

Ceangaltais airgeadra eachtraigh

Ar an 31 Nollaig 2023: ní raibh aon cheangaltais airgeadra eachtraigh ag an gCuideachta. (Amhail an 31 Nollaig 2022: dada).

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireseachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

20. Ceangaltais (ar lean)

Ceangaltais chaipítil

Ba é seo a leanas an caiteachas caipítil amach anseo a d'fhaomh na stiúrthóirí amhail an 31 Nollaig 2023:

	2023	2022
	€ '000	€ '000
Conraithe	4,969	150,410
Údaraithe ach ní conraithe	<u>44,280</u>	<u>176,561</u>

In 2023, seachadadh iarmhéid an táirge ó chomhaontú díola agus athcheannaigh 2022 chuit GCON, ar áiríodh an costas ina leith sna gealltanais chonraithe €150.4m in 2022 atá luate thuas. Rinneadh socrú deiridh an chomhaontaithe ceannaigh-díola i mí Feabhra 2023.

San áireamh sa cheangaltais, atá údaraithe ach ní conraithe, de €44.3m mar a luadh thuas tá costas measta de €43.1m chun an táirge a cheannach a theastaigh chun freastal ar an méadú a bhfuiltear ag súil leis ar oibleagáid 2023/2024.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

21. Sochar Scoir

Scéim Pinsin Seirbhise Poiblí Aonair (SPSPS)

Oibríonn GCON an Scéim Pinsin Seirbhise Poiblí Aonair do na fostaithe uile. Maidir leis an scéim sin, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht ranníocaíocht bhliantúil a ioc leis an Státhiste i ndiaidh na sochair scoir atá le híoc a chur san áireamh. Soláthróidh an Roinn maoiniú nuair is mó na sochair scoir fotha ná an ranníocaíocht. Ghlac an Bord an láimhseáil agus leis na nochtaí a cheanglaítear le hAlt 28 den chaighdeán cuntasáiochta FRS 102 chun teacht leis an socrú atá i bhfeidhm. Cé go n-oibrítear an socrú maoiniúcháin ar bhonn glaníocaíochta leis an Státhiste, creideann an Ghníomhaireacht go bhfuil cineál an tsocraithe cosúil le haisíocaíocht iomlán na hoibleagáide sochair scoir nuair a bhíonn na dliteanais sin dlite lena n-ioc, agus dá bhí sin aithníonn sí a ceart chun aisíoca mar shócmhainn ar leith i méid atá comhionann leis an oibleagáid ag deireadh na bliana.

Is é €801,749 oibleagáid sochair scoir SPSPS amhail an 31 Nollaig 2023, bunaithe ar luacháil achtúireach na n-oibleagáidí sochair scoir maidir le foireann na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2023 arna dhéanamh ag achtúire neamhspleách cáilithe chun críocha FRS 102. Aithnítear sócmhainn maoinithe iarchurtha de €801,749 atá comhionann leis an dliteanas amhail an 31 Nollaig 2023 mar shócmhainn ar leith ar an gClár Comhardaithe (2022: €625,104).

	2023	2022
	€ '000	€ '000
(a) Costais sochair scoir		
Costas seirbhise reatha	161	243
Ranníocaíocht fostóra chuig an Státhiste	111	104
Cailteanas/(gnóthachan) atomhais	(12)	(368)
Coigeartú ar an maoiniú pinsin iarchurtha	(177)	112
Ráta úis	<u>28</u>	<u>13</u>
Iomlán aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	<u>111</u>	<u>104</u>
(bi) Gluaisteacht san Oibleagáidí Sochair Scoir	2023	2022
	€ '000	€ '000
Luach tosaigh dhliteanais na scéime	625	738
Costas seirbhise	124	206
Ranníocaíchtaí na mball	37	36
Ús ar dhliteanais scéime	28	13
Cailteanas/(gnóthachan) atomhais	<u>(12)</u>	<u>(368)</u>
Luach deiridh dhliteanais na scéime	<u>802</u>	<u>625</u>

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhairesachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

21. Sochar Scoir (ar lean)

	2023	2022
	€ '000	€ '000
(bii) <i>Sochar Scoir Iarchurtha (SPSPS)</i>		
Maoiniú Sochair Scoir Iarchurtha an 1 Eanáir	625	738
Maoiniú maidir le costais na bliana reatha	177	(113)
Sochar Scoir Iarchurtha an 31 Nollaig	<u>802</u>	<u>625</u>

Cuirtear an cleachtas reatha maidir leis an sochar scoir a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail na hearnála poiblí san áireamh agus an oibleagáid sochair scoir sainithe á tomhas.

Tá dliteanas na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair á maoiniú ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Tá an tsócmhainn maoinithe iarchurtha bunaithe ar an bhforáil in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 go n-íocfar an dliteanas as cistí arna soláthar ag an Oireachtas.

(biii) *Anailís ar mhaoiniú pinsin iarchurtha/costais sochair scoir (SPSPS)*

	2023	2022
	€ '000	€ '000
Costas seirbhíse reatha	161	243
Costas úis	28	13
Ranníocaíochtaí fostai	<u>(37)</u>	<u>(37)</u>
	152	219

(c) *Cur síos ar an scéim agus ar na boinn tuisceana achtúireacha*

Is í an scéim sochair scoir an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, meánsocrú pinsin sochair shainithe gairmréimse d'fhostaithe na hearnála poiblí. Soláthraítear leis an scéim sochair scoir (in aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochar scoir céile agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir Aois Phinsin Stáit an bhaill (66ú breithlá faoi láthair). Is gnách go méadaítear sochair scoir atá á n-íoc (agus iarchur) de réir an bhoilscithe.

Ba iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun críocha FRS 102

	2023	2022
Ráta lascaine	3.30%	3.50%
Méaduithe ar thuarastail	3.75%	4.00%
Méadaithe ar an sochar scoir	2.25%	2.50%
Méadaithe ar bhoilsciú	2.25%	2.50%

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta

Nótaí atá ina gCuid de na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

21. Sochar Scoir (ar lean)

Tá na boinn tuisceana bhásmhaireachta a roghnaíodh ar aon dul leis an tábla caighdeánach, ag éascú feabhsuite réamh-mheasta. Is ionann na boinn tuisceana thusas agus na boinn tuisceana a úsáideadh chun an oibleagáid sochair shainithe tosaigh a fháil.

Is é seo a leanas an meán-ionchas saoil, i mblianta, maidir le pinsinéir a bheidh ag éirí as:

	Éirí as ag 66 in 2023	Éirí as ag 66 in 2022
Fir	22.6	22.5
Mná	25.1	25.0

(e) Maoiniú sochar scoir

Rinne an Ghníomhaireacht ranníocaíocht bhliantúil riachtanach de €110,613 leis an Státhiste i leith sochair scoir. Socraítéar an ranníocaíocht ag trí oiread ranníocaíochtaí na bhfostaithe, tá an ríomh i gcomhréir le ciorclán 28/2016 do chomhlachtaí féinmhaoinithe nó do ghníomhaíochtaí féinmhaoinithe. Tá GCON ag súil le €133,000 a ranníoc leis an Státhiste in 2024 (gan ranníocaíochtaí fostaithe a áireamh).

22. Nochtaí Páirtithe Gaolmhara

I ghnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Ghníomhaireacht socruithe conarthacha a dhéanamh le gnóthais a bhfuil leasanna ag na comhaltaí Boird iontu. Ní dhearna aon idirbhearta den sórt sin sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird, cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Chlóigh an Bord le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú PFN faoinar clúdaíodh cásanna leasa phearsanta. I gcásanna ina bhfeadfadh coinbhléacht leasa a bheith ann, ní ghlacann comhaltaí Boird páirt in aon phlé Boird a bhaineann leis an ábhar ná ní fhreastalaíonn siad air aon phlé dá leithéid.

23. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 28 Bealtaine 2024.